



Comhlíonadh Dualgaisí

Radio Telefis Éireann
Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis
Comhdhlúite Airgeadais 2003


Radio Telefís Éireann
Tuairisc Bhliantúil agus Ráitis
Comhdhlúite Airgeadais 2003



3	Ráiteas an Chathaoirligh
6	An tÚdaras
9	Athbhreithniú an phríomh-stiúrthóra
14	An Bord Feidhmeannais
17	Athbhreithniú airgeadais
20	Ráiteas Geallúintí
22	Gearrthuiriscí staitistice
31	Eolas airgeadais
33	Tuairisc Chomhaltaí an Údaráis
37	Ráiteas faoi fhreagrachtaí an Údaráis
38	Tuairisc na n-iniúcháirí neamhspleácha
40	Ráiteas na bpolasaithe cuntasáiochta
44	Ráiteas Chomhdhlúite ioncaim agus caiteachais
45	Clár comhardaithe comhdhlúite
46	Ráiteas comhdhlúite faoi shreabhadh airgid
47	Clár comhardaithe RTÉ
48	Nótaí atá ina gcuid de na ráitis chomhdhlúite airgeadais
77	Stair airgeadais

Údarás Raidio Teilifís Éireann

An tríú Tuarascáil bhliantúil is daichead agus Ráitis Comhdhlúite airgeadais don 12 mhí dár chríoch 31 Nollaig 2003, a cuireadh faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Mara agus Achmhainní Nádúrtha faoi réir altanna 25 agus 26 den Acht Craolacháin, 1960.



Corparáid Reachtúil gan beann ar bhrabús is ea RTÉ, Craoltóir Poiblí na hÉireann, eagraíocht ar leis an pobal í agus atá freagrach dóibh dá réir. Tá rún ag RTÉ a chinntiú go gcuirtear seirbhís saor go haer ar fáil ar luach maith airgid chomh maith le réimse as-chur a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla an lucht éisteachta.

Dhein RTÉ dul chun cinn suaithinseach le linn 2003 i dtaca le feidhmiú ár ngeallúintí dár lucht éisteachta sna sála ar mhéadú ar Tháille an Cheadúnais a tháinig i bhfeidhm ar 1 Eanáir 2003 agus a raibh fáilte roimhe. Deineadh an-dul chun cinn le linn na bliana agus ba mhaith liom tagairt do roinnt de na céimeanna a raibh de thoradh orthu gur neartaíodh an eagraíocht go mór. Rachaidh siad chun tairbhe ár lucht éisteachta chomh maith.

I measc na gcéimeanna sin, bhí:

- feabhsú an aschuir ar fud mheáin RTÉ
- athstruchtúrú radacach ar an eagraíocht d'fhonn is go mbeadh RTÉ éifeachtach ó thaobh costas agus ábhair, le sé cinn de ranna gnó comhtháite (RGC-anna) – Raidió, Nuacht, Teilifís, Gréasán, Foilsitheoireacht, agus grúpaí Oirfide
- atheagrú mór ar an struchtúr bainistíochta in oiriúint don athrú seo
- tús le córais nua do thuairiscíú airgeadais
- foilsiú 'Ráiteas Geallúintí' don chéad uair ag RTÉ le mionsonraí spriocuaireanta clár baile buaicama, de réir genre ar fud na gcainéal raidió agus teilifíse go léir, a raibh sé i gceist ag RTÉ iad a tháirgeadh
- foilsiú an chéad 'Cód Cóirthrádála' ag RTÉ – cód a fheidhmítear anois sna hoibríochtaí gnó seachtracha uile
- bunú Chomhairle Lucht Éisteachta – le hionadaithe ó na mórpháirtithe sóisialta agus na mórghrúpaí leasa, mar aon le daoine a éistean is a fhaireann ar fud oileán na hÉireann. Tagann an chomhairle le chéile uair sa ráithe agus tá an tÚdarás ag tnúth lena gcomhairle agus lena moltaí sna blianta atá chugainn
- RTÉ ag feidhmiú ar shlí thrédhearcach atá le feiceáil, mar a gheall mé anuraidh, sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Tá mionchuntais ar leith á soláthar ag an Údarás do sheirbhísí raidió agus teilifíse RTÉ a chinnteoidh go mbeidh ar chumas ár scairshealbhóirí – an lucht féachana – an fíorluach a fhaightear ó mhaoiniú seirbhíse poiblí, agus ón slí ina gcloíonn RTÉ i gcónaí leis an scothchleachtas sa rialúchán corparáideach, a aithint.

Cuireann sé an-áthas orm a thuairiscíú go bhfuil formhór na hoibre i gcrích chun ár ngeallúintí uile a chomhlíonadh, tá na buntáistí le feiceáil go soiléir inár n-aschur agus tuairisc orthu sa cháipéis seo. Mar thoradh ar athbhreithniú deireadh bliana ag PricewaterhouseCooper (PwC) thar ceann an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, faomhadh méadú €2 ar tháille an cheadúnais teilifíse le héifeacht ón 1 Eanáir 2004. Fáiltíonn RTÉ roimh an méadú seo cé gur trua é a bheith ábhar faoi bhun leibhéal an bhoilscithe.

Caithfidh mé buíochas a ghabháil leis an Aire, áfach, as an bprionsabal a chruthú a thabharfaidh cabhair le RTÉ a bhuanú mar an Craoltóir neamhspleách Náisiúnta.



... tá formhór na hoibre i gcrích chun ár ngeallúintí uile a chomhlíonadh, agus na buntáistí le feiceáil go soiléir...

Dheimhnigh an t-athbhreithniú gur chomhlíon RTÉ na geallúintí i dtaca leis an oibriú airgeadais agus leis an gcreatlach craolacháin agus gur aimsíodh na haschuir fheabhsaithe ó thaobh an ábhair i ndáiríre. Thóg PwC ceisteanna i dtaca le feidhmiú an athraithe ag RTÉ – an líon foirne, cuir i gcás. Cúis áthais dom go léiríonn na sonraí i dtaca le feidhmiú an athraithe sa Tuarascáil Bhliantúil seo, gur baineadh amach an chuid go léir – mar a dheimhnigh an tÚdarás i dtuarascáil le KPMG Corporate Finance. B'fhéidir go n-éireodh inní áirithe nuair nach dtabharfaí ach sracfhéachaint ar líon na bhfostaithe ach, le reachtaíocht fostaíochta Éireannach agus Eorpach, ba ghá roinnt fostaíche a athrangú, daoine a rangaití cheana mar sealadach, ócáidiúil nó neamhspleách, agus nach gcuirí a gcostais bhliantúla go díreach i leith an phárolla. Tugtar mionsonraí faoi seo, agus nithe a bhaineann leis, in áit eile sa tuarascáil seo.

I dtaca le cúrsaí airgeadais, mhaolaigh margadh na fógraíochta in 2003 agus, in ainneoin mhéadú tháille an cheadúnais teilifíse, bhí an teacht isteach ó na táillí sin gann. Mar sin féin, bhí farasbarr €2.3m ag RTÉ don bliain, beagán níos lú ná an farasbarr buiséadaithe. Cúis áthais don Údarás an mórathrú seo ar an dá bhliain roimhe seo. Ábhar inní don Údarás le fada éifeachtúlacht chóras bailithe na dTáillí Ceadúnais teilifíse. Treisíodh an inní sin in 2003 – agus níorbh é an trúig inní ba lú é, nuair a fógraíodh, gan réamhphlé le RTÉ, go bhfuil An Post meáite ar tharraingt as an bpróiseas bailithe. Iarrann RTÉ go soiléireofaí an éiginnteacht gan mhoill agus go ndéanfaí socruithe a chinnteodh nach é amháin go gcoimeádfáí na leibhéil bhailithe atá ann ach go bhfeabhsófaí go suaithinseach iad – cibé acu an gceapfar An Post nó áisinteacht bhailithe eile tar éis phróiseas tairisceana.

Agus mé á scríobh seo, tá Uachtaránacht an AE ag Éirinn. Tacaíonn RTÉ go hiomlán leis an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha ina chuid iarrachtaí go mbeadh cainéil teilifíse saiteilíte atá dírithe ar mhargaí ar leith faoi réir na rialachán náisiúnta i dtíortha na margáí sin. Táimid ag tnúth chomh maith go molfadh an tAire cairt chraolachán seirbhíse poiblí don Rialtas. Agus sinn ag feitheamh lena leithéid de nuáil, tá an tÚdarás ag feidhmiú faoi dhréachtchairt a moladh san aighneacht a deineadh ar

mhéadú ar tháille an cheadúnais in 2002. Tháinig athrú ar cheannas feidhmiúcháin RTÉ le linn 2003 nuair a d'éirigh Bob Collins as an bPríomh-Stiúrthóireacht tar éis sé bliana go leith de scothsheirbhís. Tá an tÚdarás buíoch dó as a shárdhúthracht agus as a dtug sé don eagraíocht i gcaitheamh na mblianta go léir a chaith sé i mbun oibre linn.

Ceapadh Cathal Goan, iar-Stiúrthóir Bainistíochta agus Ceannasaí bunaidh Theilifís na Gaeilge (TG4), ina Phríomh-Stiúrthóir le héifeacht ó Dheireadh Fómhair 2003. Tabharfaidh an tÚdarás lantacaíocht dó agus guímid gach rath air sa tréimhse dhúshlánach atá romhainn.

Bíonn caidreamh an-bhreá ag RTÉ leis an Aire agus le foireann a roinne, agus is cúis atháis dom é sin a chur ar an taifead. Ba mhaith liom buíochas an Údaráis a chur in iúl do bhainistíocht agus d'fhoireann RTÉ a d'oibrigh chomh maith sin nuair a bhí tosca anacrach athraitheach. Ba mhaith liom, go háirithe, buíochas RTÉ a chur in iúl don lucht éisteacha, na heochair-scairshealbhóirí, as a ndílseacht leanúnach atá le sonrú san ardráchairt leanúnach agus le modhanna taighde eile.

Tá RTÉ an-bhródúil as a ról mar chraoltóir seirbhíse poiblí na hÉireann. Tá ceangailte againn orainn féin go gcoimeádfaimid paisin, údair spéise is inní, agus leasa ár mbreathnadóirí agus ár n-éisteoirí sa chéad áit. Cuirfimid guth phobal na hÉireann chun tosaigh agus féachfaimid le cultúr na hÉireann a chosaint agus a chothú faid a bheimid ag obair ar fhorbairt agus ar fheabhsú na heagraíochta.



Patrick J. Wright



Tá rún ag RTÉ an chuid is fearr a fháil óna cuid ioncaim ón uile fhoinse chun feabhas a chur ar gach seirbhís don lucht éisteachta.



Patrick J. Wright

Is comhalta Údaráis é ó Nollaig 1999 agus ceapadh ina Chathaoirleach é le héifeacht ó Mheitheamh 2000.

Ó Bhaile Átha Cliath é ó dhúchas, is iar-Uachtarán agus iar-Phríomhoifigeach Oibríochta de Ghrúpa Jefferson Smurfit é, is duine de stiúrthóirí Anglo Irish Bank faoi láthair é agus is é Cathaoirleach Ghrúpa AON McDonagh Boland. D'fheidhmigh sé cheana ina chathaoirleach ar Bhord Iascaigh Mhara, ina leaschathaoirleach ar Aer Lingus agus ina chathaoirleach ar Iontaobhas Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Is Comhalta Oinigh é den National College of Ireland agus Comhalta d'Fhoras Bainistíochta na hÉireann.

Joe Barry

Ceapadh ar an Údarás é le héifeacht ó Mheitheamh 2000.

Ó Dhún Mánmhaí, Co. Chorcaí, ó dhúchas é. D'oibrigh sé i bpoist éagsúla oibríochta agus bainistíochta in RTÉ ó 1956 go 1997 agus bhí sé ina Phríomh-Stiúrthóir ó 1992 go 1997. Feidhmíonn sé ina Ghobharnóir ar an Dánlann Náisiúnta chomh maith.

Anne Doyle

Toghadh Anne Doyle ina hionadaí d'fhoireann RTÉ ar an Údarás ó Mheitheamh 2000.

Ó Fhearna, Co. Loch Garman, ó dhúchas í. Tá BA aici i mBéarla agus sa Stair mar aon le hArdteastas in Oideachas ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Thosaigh sí ag obair i Seomra Nuachta RTÉ in 1978 tar éis di a bheith ag obair i seirbhís consalachta na Roinne Gnóthaí Eachtracha roimhe sin.

Des Geraghty

Ceapadh ar an Údarás é, Deireadh Fómhair 2002, agus d'fheidhmigh sé ar an Údarás roimhe sin ó Mheitheamh 2000 go Meitheamh 2002; tháinig deireadh lena chomhaltacht Údaráis nuair a dheimhnigh sé gurbh iarrthóir é do shuíochán Oireachtais.

Baile Átha Cliathach ó dhúchas é agus d'oibrigh sé ina cheamaradóir teilifíse le RTÉ sular thóg sé post le Ceardchumann Iompair agus Ilsaothair na hÉireann (SIPTU anois) – é ina Ard-Uachtarán nuair a chuaigh sé ar scor in 2003. Bhí sé ina Fheisire i bParlaimint na hEorpa tamall, ceapadh ina Scairshealbhóir d'Amharclann na Mainistreach é in 1998, agus tá sé ar bhoird FÁS agus Éigse Éireann anois.



Maura Hayes	Garry Hynes	Paddy Marron	Stephen O'Byrnes	Mary Peters
<p>Ceapadh ar an Údarás í le héifeacht ó Mheitheamh 2000.</p>	<p>Ceapadh ar an Údarás í le héifeacht ó Mheitheamh 2000.</p>	<p>Ceapadh ar an Údarás é le héifeacht ó Iúil 2001.</p>	<p>Ceapadh ar an Údarás é le héifeacht ó Mheitheamh 2000.</p>	<p>Ceapadh ar an Údarás í le héifeacht ó Mheitheamh 2000.</p>
<p>Ón Tulach, Co. an Chláir, ó dhúchas í. Tá BA agus LLB aici ó Choláiste na hOllscoile, Gaillimh. Aturnaie is ea í, shaothraigh sí i gcleachtadh príobháideach agus tá ceapachán aici leis an mBord um Chúnaimh Dlíthiúil i Luimneach faoi láthair.</p>	<p>Ó Cho. Ros Comáin ó dhúchas í. Comhbhunaitheoir den Druid Theatre í agus Stiúrthóir Ealaíne ansin ó 1975-1990, agus in Amharclann na Mainistreach ó 1990-1993. D'fhill sí ar an Druid, 1994, agus is í an Stiúrthóir Ealaíne ann faoi láthair. I measc na ngradam iomadúil náisiúnta agus idirnáisiúnta a bronnadh uirthi bhí Tony Award agus LLD (Honoris Causa) ó Chomhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.</p>	<p>Ó Cho. Mhuineacháin ó dhúchas é. Cuntasaóir Cairte é a d'oibrigh i dtionscal an bhia ar feadh 33 bliana, deich mbliana acu mar Phríomhfheidhmeánach ag Nestlé Ireland. Comhalta de Chomhlacht Rialaithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath é agus BA sa tSeandálaíocht agus i Stair na hEalaíne aige ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.</p>	<p>Ó Luimneach ó dhúchas é. Is é príomhaí Media Relations and Public Affairs Consultants Ltd. é, iar-Stiúrthóir Polasaí agus Caidrimh don Phreas leis an bPáirtí Daonlathach agus Rúnaí Cúnta Preas an Rialtais 1989-1992. D'oibrigh sé ina iriseoir ar feadh 15 bliana le grúpaí an Irish Independent agus Scéala Éireann agus ról éagsúla Eagarthóireachta agus Chomhfhreagrachta aige.</p>	<p>Ó Lios na gCearrbhach, Co. Aonroma, ó dhúchas í. Bean ghnó ar scor í agus bhuaigh sí Boinn Óir sna Cluichí Oilimpeacha agus Comhfhlaithis. Bronnadh MBE uirthi 1973, CBE 1994 agus deineadh Dame of the British Empire di sa bhliain 2000. Is í Uachtarán Chumann Paraipléigeach Thuaisceart Éireann agus Iontaobhas Spóirt agus Áineasa Uladh í faoi láthair, agus d'fheidhmigh sí cheana ina comhalta de Bhord Turasóireachta Thuaisceart Éireann, Iontaobhas Chluichí Uladh, Comhairle Craolacháin an BBC, Iontaobhas Sports Aid, Comhairle Spóirt Thuaisceart Éireann agus Sports Council (GB).</p>



Tá rún ag RTÉ feidhmiú ar bhealach éifeachtach trédhearcach cothrom agus cuntas cruinn airgeadais a sholáthar in am cuí dá cuid scairshealbhóirí.

Cheadaigh an Rialtas méadú ar tháille an cheadúnais teilifíse ag deireadh 2002 tar éis gur chuir RTÉ aighneacht ar fáil inar léiríodh athruithe eagraíochta a bhí á moladh. Nuair a d'fháiltiomar roimh an mhéadú seo, thuigear go maith an dúshlán – agus an deis, ar ndóigh – a bheadh ann, agus sna hathruithe ar rialacháin chraolacháin a rabhthas ag dréim leo, i gcomhthéacs na gealltanais a rinneamar dár lucht éisteachta.

Mar thoradh ar mhéadú na táille, d'infheistigh RTÉ cuid mhór san aschur. Tá atheagrú déanta ag an eagraíocht ar na hoibríochtaí, comhlíonadh na gealltanais ó thaobh clár, agus srianadh costais. Agus, in ainneoin titim ar an teacht isteach fógraíochta agus gannchion ar tháill na gceadúnas, tá farasbarr beag buiséid ag RTÉ. Rinneadh an dul chun cinn sna réimsí sin i dtréimhse sách gearr agus tá maise dá réir ar ról RTÉ mar chraoltóir náisiúnta na seirbhíse poiblí.

Leanfaidh agus méadóidh an dúshlán don Chraolachán Seirbhíse Poiblí in Éirinn le freagairt chuí a aimsiú agus a fheidhmiú i gcomhthéacs na nithe a mbíonn an lucht éisteachta ag dréim leo, an margadh craolacháin a bheith ag éirí níos iomaithí, na rialacháin chraolacháin a bheith ag éirí níos casta agus an riachtanas atá ann go mbogfaí isteach i dtimpeallacht lándigiteach.

Faigheann RTÉ ioncam tráchtála agus ioncam ó tháill na gceadúnas, agus tá siad níos cothroime anois ná mar a bhí le blianta beaga anuas. Féadfaidh RTÉ tabhairt go huile anois faoin dualgas seirbhíse poiblí. Is é an aidhm atá againn an chuid is fearr a fháil ón dá fhoinsé agus, dá réir sin, tacóimid le cláir ardráchairte, le cláir ábhartha agus le cláir fhaisnéiseacha, cuirfimid taispeántais cheoil ardchaighdeáin ar fáil agus leathnóimid ár seirbhísí ríomhfhóilsitheoireachta.

In ainneoin na mórathruithe ar struchtúr na heagraíochta in 2003, choinnigh RTÉ fócas cinnte ar chlár. Chuir an infheistíocht bhreise ar chumas RTÉ clár nua agus clár fheabhsaithe i ngach genre agus i ngach réimse aschuir a thairiscint d'éisteoirí agus do bhreathnadóirí. Aithneofar clúdach Chluichí Speisialta Oilimpeacha an Domhain ar an teilifís, agus an sainchainéal raidió, 'Voice of the Games', ina slata tomhais, go ceann i bhfad, ar shiúráil chraolacháin agus ar fhriotal pobail. Bhí an Iaráic chun tosaigh i gcúrsaí nuachta agus reatha agus, thar aon uair

cheana, is ar scáth mhisneach agus ghairmiúlacht ár n-iriseoirí, ar an láthair, a rinne RTÉ clúdach agus anailís ar an chogadh. Nuair a d'fhoilsigh RTÉ na gealltanais don lucht éisteachta in 2003, gealladh feabhsuithe ar na seirbhísí do phobal na hÉireann. Tá sé ar intinn againn tógáil ar mhóiminteam seo na gclár ardchaighdeáin in 2004. Ní acmhainn dúinn sleamhnú ón fhócas seo ar fheabhsúchán agus ar fhorbairt.

Is é an tslí ina ndíríonn RTÉ ar chlár sna réimsí nach glúdaíonn aon chraoltóir nó foras cultúrtha eile a chinntíonn seasamh na heagraíochta mar phríomhchraoltóir na hÉireann. Cuireann na hathruithe ar úinéireacht na meán, áfach, mar aon leis na hathruithe atá á moladh ar na rialacháin agus ar na dlíthe a bhaineann le craolachán, béim ar a riachtanaí atá polasaí soiléir tacaíochta do chraolachán neamhspleách seirbhíse poiblí.



... tá atheagrú déanta ar na hoibríochtaí, comhlíonadh na gealltanais ó thaobh clár agus srianadh costais...

Tá sé ar intinn ag RTÉ páirt dhearfach a ghlacadh sa díospóireacht as a bhfásfaidh an polasaí seo. Tá sé ar intinn ag RTÉ, sa tslí chéanna, cabhrú le cruthú polasaí i leith an chraolacháin dhigitigh agus tá tairiscint déanta againn tionscnaimh phiolótacha a reachtáil d'fhonn inmharthanacht ghearrthéarmach na teilifíse digítí talmhaí a mheas.

Teilifís Bliain mhaith a bhí ann do Theilifís RTÉ in ainneoin na ndeacrachtaí a d'éirigh as timpeallacht ina raibh an iomaíocht ag neartú. Sheas RTÉ an fód i gcoinne na hiomaíochta agus chraolamar naoi gcinn de na deich gclár teilifíse ba mhó ráchairt in 2003. Neartaigh an t-ioncam breise ón táilli na gceadúnas léiriúchán na gclár baile, go háirithe níos moille sa bhliain. Lean an rath ar chlár a bhí againn cheana, leithéid *The Late Late Show*, *Fair City*, *Off The Rails*, *True Lives*, agus *Léargas* in aghaidh iomaíochta nua agus chonaiceamar a fheabhas a bhí cuid mhór sraitheanna úra - *The Restaurant*, *You're A Star*, agus clár fhaisnéise *True Lives*.

Clár de dhéantús baile is mó a chraol Theilifís RTÉ One i rith an bhuaicama in 2003 - 135 uair an chloig de dhrámaíocht, 200 uair an chloig de shiamsaíocht, 330 uair an chloig de chlár fhíorasacha agus 800 uair an chloig spóirt. Bhí fairsinge sa réimse clár, ón chlár seanbhunaithe ardráchairte *The Late Late Show* go drámaíocht úr ar nós *The Clinic* agus *Holy Cross* an ghradam. Chuir an maoiniú méadaithe le seasamh RTÉ mar scéalai phobal na hÉireann fosta. Tugann clár fhaisnéise mar *Would You Believe*, *True Lives*, *Art Lives* agus *Hidden History* léargais ar an fhíorshaol ríshuimiúil a chaitheann gnáthmhuintir na tíre. Lena chois sin, chraol RTÉ *Bombers*, clár fhaisnéise ina raibh peirspictíocht uathúil choscraich ar scéal na dtrioblóidí i dTuaisceart Éireann.

Ba bhliain éilitheach eile fós i do RTÉ Spóirt - Craobhacha CLG, Cluichí Idirnáisiúnta Sacair, an Phríomhshraith, Rásaíocht Chapall, Na Sé Náisiún, Corn an Domhain sa Rugbaí, Corn UEFA imeachtaí Celtic, Sraith na gCuradh thar n-ais agus, ar ndóigh, ba é RTÉ óstchraoltóir na nOilimpeacha Speisialta.

Is gné dár ndúthracht dár lucht éisteachta gur fhotheidealai RTÉ breis agus 750 uair an chloig de chlár bhuaicama agus 3,500 uair an chloig, geall leis, san iomlán. Fotheidealai RTÉ na príomhchlár nuachta agus chúrsaí reatha uile anois, *The Late Late Show* agus *Fair City*.

Bíimid i ngleic le craoltóirí eile - a bhíonn san iomaíocht linn - nuair a cheannaímid scannáin don sceideal, go háirithe i dtréimhsí

saoire. Bíonn ár gcumas caithimh i gceist mar aon leis an rogha scannán. Is gá cuimhneamh ar theorainneacha na tiachóige ach, fós, is mian linn ár lucht éisteachta a shásamh - lucht éisteachta Éireannach gan amhras ach daoine atá iltíreach ina ndearcadh ar scannáin. Rinne RTÉ céadtaispeántas le linn 2003 ar *Erin Brockovick*, *Meet the Parents*, *Cast Away*, *What Women Want* agus *Chocolat*. Mheall siad uile scór féachana ard sa sceideal agus ba é céadtaispeántas teilifíse *Gladiator* RTÉ an ócáid ba mhó a tharraing lucht féachana.

Bíonn RTÉ chun tosaigh i dtólamh ar a iomaitheoirí le clár bharr-ráchairte ar nós *ER*, *CSI*, *The Sopranos*, agus léargas cumhachtach a fhaightear ar an saol in Uimhir a hAon, *Pennsylvania Avenue*, *The West Wing*. Bíimid chun tosaigh chomh maith leis na cumadóirí nuálacha faisin *Friends* agus *Scrubs*, agus tá comhaontuithe fadtéarmacha sínithe againn leis na roghanna seanbhunaithe *The Simpsons* agus *Home and Away*.

Rinne RTÉ tasc achranach nuair a comhtháthaíodh áiseanna, teicneolaíocht agus cartlann teilifíse sna hoibríochtaí clár le linn 2003. Ba mhó fós an tasc é nuair a chuimhnítear go raibh laghduithe foirne idir lámha san am chéanna, agus táim buíoch díobh siúd uile a d'oibrigh go crua chuige sin. De bharr an chomhtháthaithe seo, is fearr atá RTÉ in ann a sheasamh a dhaingniú mar phríomhsholáthraí na gclár Éireannach.

Bhí fógraíocht sna meáin níos iomaithí ná riamh in 2003. Táimid san iomaíocht anois le hiliomad spásanna nua fógraíochta, ní hé amháin sna réimsí bunaithe ar nós raidió agus teilifís, ach i réimsí níos úire atá ag eascairt as an réabhlóid leictreonach - an tIdirlíon, clár fhógraíochta leictreonacha agus fónanna póca, cuir i gcás. Tháinig athraithe suntasacha ar chóimheá agus ar choibhneas na dteascán éagsúla de mhargadh na fógraíochta agus na hurraíochta chomh maith.

Tá dúshlán leanúnach do RTÉ, i dtaca le cruinniú ioncaim ón fhógraíocht, san iomaíocht nua sna réimsí a luadh thuas. Is airíona den iomaíocht threisithe atá romhainn, go háirithe ó chainéil sailtíle, an tseirbhís úr, bunaithe in Éirinn, a sheol SKY i mbliana, agus an comhchraoladh a dhéanann TV3 ar chlár ITV, gné de sceideal na gclár ar TV3 atá ag leathnú le tamall de mhíonna anuas. Táimid muiníneach go n-éireoidh linn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo agus go gcoinneoidh ár lucht éisteachta, go háirithe sna buaicamanna craolta, trí leanúint le craoladh clár ardchaighdeán.

Raidió Ó fhíorthosach 2003, chuaigh táille mhéadaithe an cheadúnais chun tairbhe dár n-éisteoirí raidió agus rogha clár úr níos leithne ar fáil acu. Bhí sé mar aidhm choiteann ag ceithre chainéal raidió RTÉ cur leis an léargas a thugann Raidió RTÉ ar ghnéithe de shaol na tíre. Cheap RTÉ Radio 1 eagarthóir réigiúnach d'fhonn clár a fhorbairt a dhíreodh go sonrach ar bharr foirfeachta a chinntiú ar an ionchur ó na réigiúin sa díospóid náisiúnta. Chuireamar tús le clár úra faoi agus ó chomhluadair ar fud na tíre agus, ar shlí ar leith, léirigh clúdach raidió RTÉ ar na hOilimpeacha Speisialta ár ndúthracht i leith sceidil atá fíoráitiúil agus fíorchuimsitheach araon.

Mhéadaigh RTÉ 2FM agus RTÉ Lyric fm ar a gclúdach ar thionscal ceoil na hÉireann. Chuir an dá stáisiún béim bhreise ar chlár chainte chomh maith. Thosaigh RTÉ 2FM ar mhíreanna laethúla tríocha nóiméad nuachta agus cúrsaí reatha, mar aon le hiris spóirt ar mhaidineacha Domhnaigh, agus chraol RTÉ Lyric fm a chéad sraith de dhrámaí, a coimisiúnaíodh go speisialta, agus tosaíodh ar ghnéchlár ealaíne.

Leathnaigh RTÉ Raidió na Gaeltachta a sheirbhís nuachta agus craoladh drámaíocht úr, gnéchlár, clár fhaisnéise agus clár do dhaoine óga. Tugadh aitheantas don stáisiún Gaeilge chomh maith nuair a bronnadh gradam PPI air mar Stáisiún Náisiúnta na Bliana.

Nil sna forbairtí seo ach na ceannlínte. Ba é buaic na bliana, ó thaobh tairbhe fhadtéarmach don lucht éisteachta, an comhtháthú ar ghníomhaíochtaí tráchtála a cuireadh i gcrích.

Le linn do RTÉ Raidió a bheith ag leathnú na sceideal, bhí sé á athdhearadh féin mar roinn chomhtháite. D'fhág cuid mhór daoine a raibh taithí mhór acu an Raidió le linn 2003 mar chuid den scéim ghinearálta athraithe in RTÉ. Tá struchtúir úra curtha in áit agus ceapacháin úra déanta – iad uile d'fhonn a chinntiú go mbeidh RTÉ inniúil le cóir úr a chur air féin de réir mar a éireoidh réimse náisiúnta an raidió níos iomaithí agus na seirbhísí níos iomadúla.

Ar fud RTÉ Raidió, tá tuiscint níos dlúithe ar an chuma ina bhféadfaidh daoine, teicneolaíocht agus acmhainní feidhmiú le chéile chun seirbhís níos fearr a sholáthar don phobal éisteachta. Is é an teicneolaíocht dhigiteach an trealamh caighdeánach do dhéanamh agus do chraoladh na gclár. Tá na gníomhaíochtaí go léir, ó dhéanamh na gclár ar na ceithre chainéal go tuilleamh ioncaim le fógraíocht, tionscnaimh agus urraíocht, tugtha le chéile anois in aon roinn ghnó chomhtháite amháin.

Ó thaobh airgid, ba bhliain chrua í. Is mó ná riamh an rogha atá ag lucht éisteachta na hÉireann anois agus stáisiúin tráchtála úra ag teacht ar aer. Cuireann teicneolaíochta úra ar chumas an uile dhuine a chuid éisteachta a shainoiriúnú agus taitneamh a bhaint as an éisteacht cibé uair is cibé áit is áil leis. Is é gealltanais RTÉ go soláthróidh sé seirbhís náisiúnta a bheidh mealltach agus ábhartha don phobal frí chéile, agus é san iomaíocht le stáisiúin tráchtála a dhíríonn go roghnach ar theascóga den phobal, ar chomhluadair áitiúla nó ar ghrúpaí leasa ar leith.

Is é an dúshlán atá romhainn do 2004 agus níos faide chun cinn, go bhfreastalóimis ar an tír le caighdeán agus ilghnéitheacht raidió a chomhlíonfaidh ár ndualgas seirbhíse poiblí agus a thuillfidh an tioncam is gá chuige sin. Misean é atá éilitheach agus spreagthach in éindí.

Nuacht agus Cúrsaí Reatha Ba é scéal na hIaráice scéal mór na nuachta in 2003. Bhí iriseoirí ar an láthair ag RTÉ Nuacht agus Cúrsaí Reatha ag tuairisciú ó thuaisceart na hIaráice, ón Chúait agus ó Bhaghdad. Lena chois sin bhí baint mhór ag ár n-oifigí i Londain, i Washington agus sa Bhrúiséal leis an obair agus sholáthraigh siad nuacht agus anailís fá dtaobh de na himeachtaí. Sna laethanta tosaigh, chraolamar clár speisialta fá dtaobh den Iaráic ar raidió agus ar theilifís. I rith an ama sin, ní dearnadh neamart i réigiúin eile an Mheánoirthir agus rinne Richard Crowley tuairiscí ó Iosrael agus ón mBruach Thiar. Ócáidí speisialta i rith 2003 a bhí i dtoghcháin Thionól Thuaisceart Éireann agus, ar ndóigh, ba é buaic na bliana abhus na hOilimpeacha Speisialta.

Leis an mhaoiniú breise ó tháille an cheadúnais bhíomar in ann ár gcumas bailithe nuachta a fhorbairt sna réigiúin agus clár bhreise réigiúnacha a chraoladh. Ceapadh comhfhreagraí oideachais mar aon le comhfhreagraithe don Oirthuaisceart agus do Bhaile Átha Cliath. Lena chois in, craoltar *Nationwide* anois trí huair sa tseachtain, agus tosaíodh ar mhír bhreise den nuacht réigiúnach ar *News at One* ar RTÉ Raidió. Bhí dhá chlár bhreise eile a diríodh ar bhreathnadóirí níos óige, 'Newsbeat', clár cúrsaí reatha ar RTÉ 2fm, agus *News2day*, feasachán laethúil iarnóna ar *The Den*.

Tá freagracht ar chraolachán seirbhíse poiblí scéalta a ghreamaíonn samhlaíocht an phobail a spíonadh, agus déanann RTÉ Nuacht agus Cúrsaí Reatha gach dícheall le teacht ar an

fhírinne laistiar de na ceannlínte. Chuige sin, thosaigh bratchlár na gcúrsaí reatha ar RTÉ, *Prime Time* ar shraith de chlár fhiosrúcháin a dhírigh ar scéalta ar leith. Craoladh cúig eagrán den tsraith úr seo, *Prime Time Investigates* míonna na Nollag/Eanáir.

Aithníonn RTÉ go dtuirsítear de dhearadh, dearadh seite ach go háirithe, agus go bhfágfadh seo drochrian ar chlár briomhar fuinniúil. Feabhsaíodh nuacht na teilifíse, mí Mheán Fómhair, le grafaicí nua agus seiteanna stiúideo nuaghléasta, agus rinneadh athchóiriú fosta ar sheiteanna *Questions & Answers* agus *Prime Time*.

Leanadh den pháirtíocht idir RTÉ Nuacht agus TG4, agus sholáthraigh Nuacht seirbhís laethúil i nGaeilge do lucht éisteachta raidió agus teilifíse RTÉ chomh maith le TG4. Mhéadaigh Nuacht líon a lucht éisteachta ar RTÉ in 2003, agus bhí clár fhíorasacha RTÉ Nuacht i measc na gclár ba mhó ar breathnaíodh orthu ar TG4 i rith na Nollag. Lena chois seo, léirigh RTÉ Nuacht agus foireann réigiúnach RTÉ clár nuachta dátheangach ó stiúideo na Gaillimhe.

Tháinig athrú iontach ar obair chraolacháin le blianta beaga anuas. Le forbairt theicneolaíocht an chraolacháin, is féidir cuid mhór den saothar a eagrú ar shlí atá níos éifeachtaí ó thaobh costais. Tá tionchar aige seo ar chraoltóirí i gcoitinne agus ní hé RTÉ amháin atá ag tabhairt aghaidhe ar an dúshlán áirithe seo i láthair na hoibre. Baineadh lánúsáid as féineagarthóireacht físteipe na n-iriseoirí don chéad uair in 2003 agus thángthas ar aontú fosta go dtiocfadh le h-iriseoirí ceamaraí a úsáid ar roinnt scéalta. Tosófar ar an oiliúint chuige seo in 2004.

Le blianta beaga anuas, bhain RTÉ Nuacht feidhm as teicneolaíocht físfóin chun tuairisciú ó cheantair aimhréidhe dhoshroichte. Sholáthraíomar áiseanna do chraoltaí seachtracha raidió beo in 2003 ó ionaid éagsúla thar lear le nascanna fóin saitilíte. Lena chois sin, chuir RTÉ Nuacht pacáistí nuachta teilifíse go díreach ón Libéir go Baile Átha Cliath le 'fáiscphostas'.

Is é mórdhúshlán 2004, lucht éisteachta a chruinniú do chlár úra agus san am chéanna meas is dílseacht an phobail a choinneáil do na seirbhísí nuachta agus cúrsaí reatha atá againn cheana.

Conclúid

Moladh i gClár Rialtais (2002) go mbunófaí Teilifís na Gaeilge (TG4) mar chraoltóir neamhspleách faoi réir *Acht Craolacháin 2001*. Cúis inní fós ag RTÉ nár aithníodh meicníochtaí cuí a mhaoiníodh TG4 go sásúil, ná nár cuireadh a leithéid in áit sna seacht mbliana ó thosaigh an stáisiún ar a shaothar nuálach sainniúil craolacháin. Constaic d'fhorbairt TG4 an éiginnteacht seo. Idir an dá linn, feidhmeoidh TG4 faoi choimirce RTÉ le polasaí neamhspleách eagarthóireachta agus struchtúr bainistíochta ar leith, agus tabharfaidh RTÉ tacaíocht leanúnach do TG4 le soláthar uair an chloig in aghaidh an lae de chlár i nGaeilge.

Tá na mionsonraí, agus an trédhearcacht ar ghníomhaíochtaí RTÉ a gealladh dár lucht éisteachta, sa tuarascáil bhliantúil seo. Tá turas fada, mar eagraíocht, déanta ag RTÉ i dtréimhse ghearr, agus níl deireadh an aistire sroichte go fóill. Tá ár ngnó ag síorathrú mar atá an timpeallacht ina saothraímid. Bláthóidh RTÉ go leanúnach trí thallainn, scileanna agus dúthracht ár n-oibrithe atá dírithe ar fhreastal go dílis, bródúil, rathúil ar phobal na hÉireann.



Cathal Goan



Tá rún ag RTÉ ceiliúradh a dhéanamh ar éagsúlacht agus iolrachas oidhreacht mhuintir na hÉireann agus cosaint a thabhairt di dá réir trí léiriú agus taisceadh clár.



Cathal Goan

Ceapadh é ina Phríomh-Stiúrthóir le héifeacht ó Dheireadh Fómhair 2003.

Ó Bhéal Feirste ó dhúchas é. Céimí é de Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus fostaíodh in RTÉ é 1979. Bhí poist éagsúla aige in RTÉ Raidió agus RTÉ Teilifís sular ceapadh ina Eagarthóir ar Chláir Gaeilge 1990. Ceapadh ina Cheannasaí ar Theilifís na Gaeilge é 1994 agus dhein sé maoirseacht ar bhunú an chainéil, an tríú seirbhís náisiúnta teilifíse in Éirinn. Márta 2000, ceapadh ina Stiúrthóir (Stiúrthóir Bainistíochta ar ball) ar RTÉ Teilifís agus é ina chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin RTÉ.

Noel Curran

Ceapadh é ina Stiúrthóir Bainistíochta ar RTÉ Teilifís le héifeacht ó Dheireadh Fómhair 2003.

Ó Cho. Mhuineacháin ó dhúchas é. Is céimí le Cumarsáid ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath é agus bhí poist éagsúla aige sna meáin chlóite. Fostaíodh in RTÉ é 1992. Shaothraigh sé ina thuaisceoir, ina eagarthóir in RTÉ Teilifís sular ceapadh é ina Eagarthóir Cúrsaí Reatha i Roinn na Nuachta agus freagracht air i dtaca le haschur eagarthóireachta agus le bainistíocht acmhainní i gCúrsaí Reatha.

Conor Hayes

Ceapadh é ina Phríomhoifigeach Airgeadais le héifeacht ó Dheireadh Fómhair 2001.

Ó Bhaile Mhistéala, Co. Chorcaí, ó dhúchas é. Céimí tráchtála é ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus is Comhalta de Institiúid Chuntasóirí Cairte na hÉireann é, agus Fo-bhall den Association of Corporate Treasurers sa Ríocht Aontaithe. Sular fostaíodh in RTÉ é, bhí poist aige le raon leathan feidhmeanna: Leas Cathaoirleach Cara Treasury Group, Stiúrthóir Pleroma Group, Príomh Fheidhmeannach JetPhone, Príomh Fheidhmeannach Ryanair, Príomh-oifigeach Airgeadais Almarai Group, Bainisteoir Airgeadais Corparáideach Stokes Kennedy Crowley.

Adrian Moynes

Ceapadh ina Stiúrthóir (Stiúrthóir Bainistíochta anois) ar Raidió le héifeacht ó Mheán Fómhair 2002.

Ó Ard Mhacha ó dhúchas é. Céimí le Béarla ó Oxford é agus fostaíodh in RTÉ é 1979, tar éis dó cúig bliana a chaitheamh le teagasc ag leibhéal bhreiseoideachais agus ardoideachais. Laistigh de RTÉ bhí poist aige mar léiritheoir, mar eagarthóir ar Chláir do Dhaoine Óga agus mar Cheann na Sceideal (Teilifís). Ó 1997 amach bhí sé ina bhall d'Oifig an Phríomh-Stiúrthóra agus freagracht tuairisceithe air i dtaca le Raidió na Gaeltachta, Grúpaí Oirfide RTÉ, Saoráil Faisnéise agus mar ionadaí bainistíochta ar an mBinse Caidrimh Thionsclaíoch.



Edward Mulhall

Ceapadh é ina Stiúrthóir Nuachta, Stiúrthóir Bainistíochta Nuachta agus Cúrsaí Reatha anois, le héifeacht ó Mheitheamh 1997.

Ó Bhaile Átha Í, Co. Chill Dara, ó dhúchas é. Céim le hEacnamaíocht agus Polaitíocht aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus fostaíodh in RTÉ é 1979 mar Léiritheoir Raidió i gCúrsaí Reatha. Ina dhiaidh sin, bhí sé ina Cheann Cúnta ar Ghnéchláir agus Cúrsaí Reatha (Raidió), Eagarthóir Cláir ar Nuacht Teilifíse i mbun eagarthóireachta ar Six One agus Nuacht a Naoi na Teilifíse. Ceapadh é ina Eagarthóir Bainistíochta i Roinn Sheomra na Nuachta 1994.

Geraldine O'Leary

Stiúrthóir Díolacháin agus Margaíochta, ceapadh ar Bhord Feidhmiúcháin RTÉ í le héifeacht ó Mhárta 2002.

Ó Chorcaigh ó dhúchas í. Céimí le Síceolaíocht í ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus bhí sí ina Stiúrthóir Bainistíochta cheana le Zenith Media Ireland, ina Bainisteoir Meán/Stiúrthóir le Saatchi and Saatchi Advertising agus bhí cuideachta chomhairleoireachta meán dá cuid féin faoina stiúir aici sular fostaíodh in RTÉ í mar Bhainisteoir, Díolacháin Teilifíse, sa bhliain 1997. Ina dhiaidh sin, bhí sí ina Leas-Stiúrthóir Díolacháin agus ina Stiúrthóir Díolacháin agus Margaíochta.

Bride Rosney

Ceapadh ina Stiúrthóir Cumarsáide í le héifeacht ó Nollaig 2001.

Ó Chathair Saidhbhín, Co. Chiarraí, ó dhúchas í. Is céimí le hEolaíocht í ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus Cleachtadh Ríomhaireachta ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Fostaíodh in RTÉ í tar éis di feidhmiú mar chomhairleoir cumarsáide i réimsí na nuatheicneolaíochtaí is na n-ealaíon. Bhí taithí fiche bliain aici san oideachas agus i dtaighde oideachais ag an dara agus ag an tríú leibhéal. Chaith sí ocht mbliana ina Comhairleoir Speisialta ag Mary Robinson ina saothar mar Uachtarán na hÉireann agus mar Ardchoimisinéir do Chearta Daonna ag na Náisiúin Aontaithe.



Tá rún ag RTÉ scoth na gclár de dhéantús baile a thairiscint don lucht éisteachta ar gach seirbhís dá cuid idir raidió agus teilifíse.

Torthaí Glanfharasbarr €2.3m a bhí ag RTÉ, an chéad fharasbarr bliantúil a cruthaíodh ó 1999. Tá an tuilleamh oibríochta €21.5m, mar a thomhaistear é le Tuilleamh Roimh Ús, Cháin, Dhíluacháil agus Amúchadh (T.R.Ú.C.D.A.), deimhneach don chéad uair ó 1998, léiriú ar an gcuma ar éirigh leis na scéimeanna éagsúla athstruchtúraithe, a feidhmíodh nó/agus a brostaíodh in 2002 agus 2003, mar aon leis an méadú suaithinseach ar theacht isteach Tháillí na gCeadúnas Teilifíse mar thoradh ar chinneadh an Rialtais a tháinig i bhfeidhm ón Eanáir 2003.

Teacht isteach Bhí beagán de bhreis ar 50% d'ioncam comhlán RTÉ sa teacht isteach ó Tháillí na gCeadúnas Teilifíse in 2003, don chéad uair le mórán blianta. D'eascair seo as méadú €43m sa ghlanteacht isteach ar Tháillí Ceadúnas agus glanlaghdú €3m ar ioncam comhlán tráchtála mar thoradh ar mhéadú na hiomaíochta i margadh na fógraíochta agus na hurraíochta teilifíse.

Costais oibríochta Ag leanúint na ngeallúintí a tugadh don Rialtas san iarratas ar mhéadú ar Tháillí na gCeadúnas Teilifíse, Samhain 2002, caitheadh os cionn €16m breise ar aschur clár baile in 2003. B'shin an toisc phríomha a d'athraigh bunlaghdú €1m sna Costais Oibríochta, a d'eascair as scéimeanna athstruchtúraithe roimhe sin, ina ghlanmhéadú comhlán €15m sna Costais Oibríochta.

Líon agus costas na bhfostaithe Is caiteachas a bhaineann le daoine – Fostaithe, Conraitheoirí nó Rannpháirtithe – díreach faoi bhun 50% de Chostais Oibríochta RTÉ. Le trí bliana anuas laghdaigh RTÉ líon na bhfostaithe buana bunáíochta de ghlanlíon 377 duine nó 18% d'fhoireann oibre uile na bunáíochta.

San am céanna, thug RTÉ aghaidh ar chleachtas seanbhunaithe i dtaca le tuairisciú líon na foirne agus athraíodh an cleachtas sin. Bhíodh cuid mhór conraitheoirí fostaithe roimhe seo do thréimhsí éagsúla, agus ní áirití a leithéidí i líon na bhfostaithe. Mar thoradh ar athbhreithniú ar na cleachtais tuairiscithe, le cois athruithe i ndlíthe fostaíochta, measadh go mb'fhéidir cuntas nó coimre a thabhairt ar an ngaol a bhí ag roinnt de na daoine sin le RTÉ mar ghaol fostaíochta de chineál seachas seasamh mar chonraitheoireacht neamhspleách. Ag eascairt as sin, le linn 2002 agus 2003, tugadh conarthaí fostaíochta do 313 éigin duine, a bhí fostaithe ina gconraitheoirí

agus iad costálta mar sin cheana, agus tuairiscítear agus costálar dá réir anois iad. Bhí sé ina sheachthoradh air sin gur méadaíodh an líon fostaithe tuairiscithe ach, ó tharla go raibh siad seo costálta mar chonraitheoirí cheana, ní raibh aon mhéadú suaithinseach ar chostais de bharr an scéal a thabhairt chun rialtacha.

Sreabhadh Airgid Tá Sreabhadh Airgid Oibríochta €26.7m RTÉ in 2003 deimhneach don chéad uair ó 1999, léiriú ar thoradh folláin trádála na bliana mar aon le smachtú rathúil an chaipitil oibríochta.

Níor deineadh aon diúscairtí suaithinseacha sócmhainní le linn na bliana agus teorannaíodh Caiteachas Caipitil 2003 ag €12m – go díreach os cionn leath an chaiteachais in aghaidh na bliana in 2001 agus 2002.

Níor deineadh agus níor ghá aon soláthairtí nua athstruchtúraithe agus / nó scoir in 2003, an chéad uair ó 2000 i leith. Úsáideadh na suimeanna a bhí curtha in áirithe chuige cheana de réir mar a beartaíodh, le linn 2003, agus íocaíochtaí pleanáilte €20m i gceist. Meastar go scaoilfear, don chuid is mó, fuilleach na soláthairtí €43m atá ar láimh faoi chomhair na ngeallúintí scoir a aontaíodh cheana i gcaitheamh na 5 bliana atá chugainn.

Laghdaigh na fuilligh chomhchruinnithe Ghlanairgid do 2003 de €4m i rith na bliana, feabhas ríshuaithinseach ar 2002 (glanlaghdú €27m) agus 2001 (glanlaghdú €71m).

Córais airgeadais Beartaíodh, mí na Samhna 2001, go dtosófaí ar Chórais Tuairiscithe Airgeadais agus Chuntasaíochta RTÉ a athdheasú ó bhonn agus iad a thabhairt suas chun dáta is go mbeadh an obair sin i gcrích in 2003. Ina dhiaidh sin, samhradh 2002, ghlac an tÚdarás le cur chuige straitéiseach nua nuair a socraíodh go ndéanfaí athstruchtúráil ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta i sé cinn de Ranna Gnó Comhtháite (RGC-anna) mar aon le lár corparáideach. Mí Eanáir 2003, tugadh córas nua cuntasaíochta bunaithe ar ERP chun beochta, ar an sprioc, agus tuairisciú á dhéanamh faoi na struchtúir nua chorparáideacha is chuntasaíochta agus cuireadh go mór le leibhéal na trédhearcachta agus na freagrachta airgeadais. Tá mionchomparáidí idir 2003 agus 2002 casta, gan dabht, ach ó 2004 amach beidh comparáidí cuí ar fáil.



Tá rún ag RTÉ nuálacht agus spiorad na fiontraíochta a chothú, cruthaitheacht a spreagadh agus tallann nua idir chraolta, léirithe agus tacaíochta a thabhairt chun cinn.

Tuairisciú rannach & sannadh ceadúnais

Cuireann struchtúir nua na RGC-anna agus na córais tuairiscthe airgeadais nua ar chumas RTÉ cur leis an ngeallúint go dtuairisceofaí torthaí airgeadais bliantúla ó 2003 amach do na RGC-anna, do na príomhsheirbhísí agus do na genres suaithinseacha laistigh de na seirbhísí craolacháin. Tá an fhaisnéis rannach ar fáil i Nóta 1 do na ráitis airgeadais. Seo an chéad uair ó bunaíodh RTÉ go rabhthas in ann faisnéis bhliantúil dá leithéid a sholáthar is a fhoilsiú sa tslí seo. Tugtar faoi ndeara, áfach, gur sceidil chionroinnte lánchostas iad agus, dá réir, nach bonn cuí iad, astu féin, do chinní airgeadais i dtaca le hinfheistíocht a bheith i gceist nó ag méadú / laghdú i seirbhísí ar leith.

Le cois na faisnéise rannaí, don chéad uair chomh maith, tá tuairiscí de réir an RGC agus na Seirbhíse ar shannadh measta an airgid a fuair RTÉ ó Tháillí na gCeadúnas Teilifíse. Go bunúsach is féidir coimre mar leanas a dhéanamh ar shannadh airgead na dTáillí Ceadúnais, a bhailigh An Post in 2003 thar ceann na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, mar aon lena léiriú sin i dtaca le gach Ceadúnas Teilifíse ar leith a ceannaíodh:

2003	%	€
An Post/ An Roinn CMAN (Ciste Craolacháin)	11	16.50
Seirbhísí Mionlaigh RTÉ (RTÉ RnaG / Grúpaí Oirfide RTÉ / RTÉ lyric fm / Tacaíocht do TG4)	23	34.50
RTÉ Radio 1	8	12.00
RTÉ Network 2	20	30.00
RTÉ One	38	57.00
	100	150.00

Is fíric shuaithinseach é gurbh é €148.5m costas lán-chionroinnte na léiriúchán Teilifíse Éireannaí a deineadh sa tír seo, go himmheánach nó le coimisiúin sheachtracha, ar RTÉ 1 agus RTÉ Network 2, agus nach raibh ach €102.9m sa teacht isteach ó Tháillí na gCeadúnas Teilifíse a sannadh do na gníomhaíochtaí sin. Ní shanntar aon chuid den teacht isteach ó Tháillí na gCeadúnas Teilifíse do RTÉ 2fm, do RGC RTÉ Foilsitheoireacht nó do RTÉ Network Transmission Ltd.

Pinsín Faoin 31 Nollaig 2003, bhí 638 fostaí ag RTÉ a bhí ina mbaill de Chiste Aoisliúntais RTÉ (i.e. Sochar Sainithe) agus an fuilleach 1,387 duine i dteideal socruithe pinsean éagsúla Ranníocaíochtaí Sainithe agus de chineál na gCuntas Coigiltis Scoir Phearsanta. Chuir achtúirithe an chiste tuairisc ar fáil á rá go raibh farasbarr stuama ann ag deireadh 2003. Bhain siad feidhm as dhá pheirspictíocht ar leith – an Tuarascáil Achtúireach chaighdeánach fhadtéarmach, sa chéad áit, agus, neamhspléach air sin, baineadh feidhm as modheolaíocht atá níos gearrthearmaí a éilítear le Caighdeán Tuairiscthe Airgeadais (CTA) 17.

Caighdeáin tuairiscthe airgeadais Beidh sé éigeantach ó 2005 amach, lasmuigh de sin, le ráitis airgeadais an uile chuideachta de chuid an AE a liostáiltear go poiblí go réiteofaí na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais Foilsithe faoi Chaighdeáin Tuairiscthe Airgeadais Idirnáisiúnta (CTAI). Níor fhógair Rialtas ná Comhlachtaí Gairmiúla Cuntasaíochta cinneadh go fóill leis an riachtanas seo a leathnú go dtí comhlachtaí stáit agus corparáidí ar chuma RTÉ. Ina dhiaidh sin, leis an gclaonadh atá ann na Caighdeáin Chuntasaíochta Idirnáisiúnta is in Éirinn a

thabhairt i dtreo a chéile, tá tosaithe ag RTÉ ar phleanáil dá leithéid de bheart agus do thionchar fheidhmiú CTAI.

D'fhoilsigh RTÉ a chéad Ráiteas Geallúintí riamh dá lucht éisteachta go luath sa bhliain. Bhí geallúintí pointeáilte sa ráiteas i dtaca le gníomhaíochtaí clár agus corparáideacha arbh fhéidir iad a thomhas agus a fhíoradh go neamhspleách. Tá coimre ar na geallúintí a foilsíodh thíos mar aon le tuairisc ar an dul chun cinn i ngach cás.

Corparáideach

Geallúintí	Torthaí
Feidhmiú faoi réir Cairte nua	Tá RTÉ tar éis feidhmiú faoi réir dréacht-Chairte mar a luadh san aighneacht ar Tháille an Cheadúnais ag fanacht ar Chairt deiridh ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha
Ráiteas Geallúintí bunaithe ar an gCairt a fhoilsíú	Foilsíodh Ráiteas do 2003, bunaithe ar an dréacht-Chairt san aighneacht ar Tháille an Cheadúnais; dáileadh breis is 250k cóip.
Comhairle Lucht Éisteachta a bhunú	Bunaithe is ag feidhmiú
Cód Cleachtas Cóirthrádála a fhoilsíú agus a fheidhmiú	Cód foilsithe agus scaipthe go dtí na cliantghrúpaí agus páirtithe leasmhara. Próiseas gearáin san áireamh le seoladh ríomhphoist ar leith. Ní bhfuarthas aon ghearán in 2003.
Tuairiscí ar na Geallúintí - i dTuarascáil Bhliantúil 2003	An gheallúint comhlíonta

Nuacht agus Cúrsaí Reatha

Seachas mionsonraí sna sceidil Teilifíse agus Raidió bhí an áirithe sin geallúintí a deineadh go dtacófaí le haschur nua ó RGC aschur Nuachta agus Cúrsaí Reatha.

Geallúintí	Torthaí
Beirt Chomhfhreagraí Réigiúnach sa bhreis a cheapadh, Baile Átha Cliath agus Oirthuaisceart (oifig bunaithe i nDún Dealgan)	An bheirt i mbun oibre ó Iúil 2003
Comhfhreagraí Oideachais agus Eolaíochta a cheapadh	Geallúint Bealtaine 2003
Cláraicme nua faisnéise a thosú ina scrúdófaí ceisteanna a bhaineann leis an saol comhaimseartha in Éirinn	Geallúint comhlíonta le clár speisialta Primetime
Tuairiscí ó láithreacha thar sáile a leathnú	Geallúint comhlíonta
Aonad fiosraitheach a chruthú do scéalta a bheadh ag geamhrú agus leanúint le himeachtaí nuachta	Curtha siar
Cur le léiriúcháin réigiúnacha	Geallúint comhlíonta
Clár nua maidine ar theilifís a sheoladh a chlúdódh ceisteanna na gCeannairí sa Dáil	Geallúint comhlíonta

RTÉ Raidió

Geallúintí RTÉ 1

Geallúintí RTÉ 1	Torthaí
Clár bhuaicama lae ó na réigiúin, 40 uair an chloig	Sáraíodh an gheallúint de 44 uair an chloig
Cláraicme nua d'fhaisnéis shóisialta, 16 uair an chloig	Sáraíodh an gheallúint de 22.5 uair an chloig
Daoine óga - drámaíocht/greann, méadú 8 n-uair an chloig	Sáraíodh an gheallúint de 9 n-uair an chloig
Nuacht pharlaiminteach - clúdach feabhsaithe	Geallúint comhlíonta - ar aer

Geallúintí RTÉ 2FM

Geallúintí RTÉ 2FM	Torthaí
Méadú ar nuacht/chúrsaí reatha - 60 uair an chloig	15 uair an chloig faoi bhun na sprice mar nach bhfuil foireann do chlár pleanáilte amháin ar fáil
Clár Rochtana do Mhic Léinn - 50 uair an chloig	Geallúint comhlíonta
Ceol nua-chumtha beo (cuid de chlár réigiúnacha)	Geallúint comhlíonta

Geallúintí RTÉ Raidió na Gaeltachta

Geallúintí RTÉ Raidió na Gaeltachta	Torthaí
Drámaíocht nua 4 uair an chloig	Geallúint sáraithe de 5.5 uair an chloig, craolta
Fiorasach (clár nua faisnéise & gnéchlár) 50 uair an chloig	Geallúint comhlíonta
Daoine óga	Gan sprioc. 20+ uair an chloig, craolta
Aschur réigiúnach agus cathrach ó Chorcaigh, ó Bhéal Feirste agus ó Bhaile Átha Cliath	Gan sprioc. 60+ uair an chloig, craolta

Geallúintí RTÉ Lyric fm

Méadú ar chlúdach seachtrach féilte réigiúnacha	Geallúint comhlíonta - 54 féilte
Uaireanta an chloig breise d'ealaíona labhartha comhaimseartha	Geallúint comhlíonta - taifeadadh agus craoladh 4 dhráma, 5 'stáitse'
Coimisiúin cheoil nua le craoladh	Geallúint sáraithe
Oideachas & Seach-theagmháil - cuairteanna scoile nach craolta	Geallúint comhlíonta - cuairt tugtha ar 30 scoil

Teilifís

Baineann siad seo leanas go léir le teilifís an bhuaicama i.e. idir 6.00pm agus 11.00pm

Geallúintí RTÉ ONE

	Torthaí
Drámaíocht: méadú 15% go 129 uair an chloig	Geallúint sáraithe de 6 uair an chloig
Nuacht/Cúrsaí Reatha: méadú 10% go 594 uair an chloig	67 uair an chloig faoi bhun sprice *
Ceol: méadú 12%+ go minimum 35 uair	3 uair an chloig faoi bhun sprice
Fíorasach/Stairiúil: méadú 8%+ go minimum 321 uair an chloig	Geallúint sáraithe de 12 uair an chloig
Siamsaíocht: méadú 14%+ go minimum 187 uair an chloig	Geallúint sáraithe de 5 uair an chloig
Daoine Óga: méadú 5% go 28.5 uair an chloig	
Cláir shamhraidh: Cláir nua 21 uair an chloig	Geallúint sáraithe de 2 uair an chloig
Gaeilge/dáttheangach: Cláir nua 8 n-uair an chloig	Geallúint comhlíonta

Geallúintí RTÉ NETWORK 2

	Torthaí
Nuacht/Cúrsaí Reatha: méadú 7%+ go minimum 73 uair an chloig	3 uair an chloig faoi bhun sprice
Ceol: méadú 6%+ go minimum 48 uair an chloig	Geallúint sáraithe de 28 uair an chloig
Siamsaíocht: méadú 8%+ go minimum 47 uair an chloig	Geallúint sáraithe de 28 uair an chloig
Daoine Óga, Nuacht: Seirbhís nua	Geallúint comhlíonta - seirbhís nua ar aer
Daoine Óga, Sraith eolaíochta: Seirbhís nua	Geallúint comhlíonta - seirbhís nua ar aer
Daoine Óga, Sraith ceoil: Seirbhís nua	Geallúint comhlíonta - seirbhís nua ar aer
Daoine Óga, Sraith ealaíne: Seirbhís nua	Geallúint comhlíonta - seirbhís nua ar aer
Clár Gnó Seachtainiúil: Seirbhís nua	Curtha siar go 2004


Geallúintí ar an dá chainéal

	Torthaí
Méadú 25% ar fhotheidealú de chlár bhaile an bhuaicama ó 620 in 2002 go 778 in 2003	Geallúint sáraithe de 126 uair an chloig
Cothú tallainne nua	Geallúint comhlíonta - áirítear: Láithreoirí nua - News2day/ID/The Den/S@ttitude Formáidí nua - Cabin Fever/The Restaurant/Celebrity Farm Drámaíocht nua - The Clinic Ar chúl an cheamara - Short Cuts / Writers / Directors

* Bhí sprioc Nuacht bunaithe ar uaireanta cruinne craolta sa tréimhse Meán Fómhair 2001 go Lúnasa 2002. Bhí scata scéalta eisceachtúla náisiúnta agus idirnáisiúnta i gceist sa tréimhse sin - olltoghchán, dhá reifreann agus an cogadh san Afganastáin san áireamh - agus clúdach an-leathan eisceachtúil buaicama ann dá réir.


Tuairiscíodh don Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, mí an Mheithimh 2003, cé gur shroich an clúdach comhlán Nuachta, 1097 uair an chloig, an sprioc a bhí curtha romhainn féin againn, go raibh an sprioc bhuaicama 597 uair an chloig míréadúil mura dtarlódh eachtraí suaithinseacha gan choinne, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta. Sin rud nár tháinig i gceist.

Scair theilifise daoine aonair feadh an lae




Source: Nielsen Media Research

Cláir ba mhó faire (000's lucht féachanna)




Craoladh Buaicama d'ábhar baile (2003)




Anailís ar Ábhar Buaicama 2003

Léiriúcháin baile ●
 Ceannaithe ●
 Eile ●




Ainlís ar Fhotheidealú Buaicama 2003

Léiriúcháin baile ●
 Ceannaithe ●




Fotheidealú de reir - Uair iomlán

Uair craolta ●
 Uair fotheidil ●



Scaireanna an mhargaidh Náisiúnta Éisteacht Raidió
7am-7pm; Eanáir - Nollaig 2003, meán luan-aoine, daoine fásta 15+ bliaina

2001 ●
2002 ●
2003 ●




Sources: JNLR/tns-mrbi


Raidió RGC craoladh buaicama de réir ábhar (2003)
Nóta: Athraíonn rangú clár ó chainéal go cainéal

Ceol ●
Nuacht & Cúrsaí Reatha ●
Fiorasach ●
Siamsaíocht ●
Drámaíocht ●
Ealaíona ●
Paistí & Oideachas ●
Creideamh ●
Spórt ●


RTÉ Radio 1
Iomlán uair raidió craolta 9,077




RTÉ 2fm
Iomlán uair raidió craolta 8,760




RTÉ lyric fm
Iomlán uair raidió craolta 8,760



RTÉ Raidió na Gaeltachta
Iomlán uair raidió craolta 8,760




Dailleadh theacht isteach tháillí na gceadúnas teilifíse (2003)




- RTÉ One
- RTÉ Network 2
- RTÉ Raidió 1
- RTÉ lyric fm
- RTÉ Raidió na Gaeltachta
- Tacaíocht do TG4
- RTÉ grúpaí oifide
- Taillí agus laghdú

Scair náisiúnta léitheoireachta daoine fásta 15+ agus meán léitheoireachta de réir eisiúna 2003 (000's)




Sources: JNRS
2003 is the first full calendar year of JNRS data to be published. It covers the period January-December 2003. The definition of readership is based on reading or looking at for at least two minutes.

Úsáid teileasc de réir sórt




Source: Nielsen Media Research, Establishment Survey - May 2003

RTÉ.ie rian leathannaigh de réir na míosa (milliún)




Source: RTÉ

RTÉ Grúpaí Oirfide - Freastal 2003




RTÉ Grúpaí Oirfide - Imeachtaí 2003



Ainlis foireann an ghrúpa


Ainlis foireann an ghrúpa bunaithe ar an fíor uimhir foirme lán agus páirtaimseartha an ghrúpa 31 Nollaig 2003.

Ainlis Foirne Inscne (%)



Le linn 2003, fostaíodh iomlán 258 (2002: 55) a bpléití leo roimhe seo mar chonraitheoirí neamhspleách agus, dá réir sin, tá siad á dtuairiscú anois don chéad uair mar bhaill foirne.

RTÉ Rannóg Eolais (2003)




47,000 glaoch a deineadh ar an oifig eolais le linn 2003, laghdú 13,000 ar 2002, ach, bhí meadú ar líon na ríomh-phost. Deinfear iad seo a thaifead i 2004.


RTÉ agus An Coimisiún um Ghearáin chraolacháin (CGC)

Nuair a fhaigheann an CGC gearán faoi ghné éigin d'obair RTÉ, bíonn ortha a chinntiú ar dtús go dtagann an gearán fé na gcuram, má chreideann siad go ndéanann cuireann siad (CGC) faoi bhráid RTÉ é. Freagraíonn RTÉ an gearán agus cuireann ag an CGC é, a chuireann ansan ag an gearánaí é. Má bhíonn sé/sí sásta le freagra RTÉ áirítear go bhfuil an gearán tarraingte siar, mura nglaclár le freagra RTÉ déanann an Coimisiún moltóireacht ar an gearán. Aontaíonn nó díúltaíonn an Coimisiún an gearán.


Méid gearán curtha ag CGC go RTÉ




Toradh iniúchadh CGC ar na Gearáin




Gearáin ar aontáiodh leo




Gearáin CGC de réir ranna



RTÉ agus an Acht um Saorála Faisnéise Iarrtais ar fhaisnéis




Foinsí na n-iartras




Note: There were 125 requests made to RTÉ under the Freedom of Information Act in 2003. This is the first year the number of requests have declined. Fees for FOI were introduced in July 2003.

Iarrtais ar fhaisnéis de réir na míosa



Toradh Iarrtais ar Fhaisnéis



* Note: Usually means applicant received information requested through another source or because it was already in the public domain.



Tá rún ag RTÉ fanacht ar thosach an tslua i dtaca le soláthar clár Nuachta agus Cursaí Reatha, idirnáisiúnta agus náisiúnta, neamhspleách, cruinn cothrom gan claon.

33	Tuairisc Chomhaltaí an Údaráis
37	Ráiteas faoi fhreagrachtaí an Údaráis
38	Tuairisc na n-iniúcháirí neamhspleácha
40	Ráiteas na bpolasaithe cuntasáochta
44	Ráiteas Chomhdhlúite ioncaim agus caiteachais
45	Clár comhardaithe comhdhlúite
46	Ráiteas comhdhlúite faoi shreabhadh airgid
47	Clár comhardaithe RTÉ
48	Nótaí atá ina gcuid de na ráitis chomhdhlúite airgeadais
77	Stair airgeadais

Leis seo tuairisc chomhaltaí Údarás RTÉ mar aon leis na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2003.

Príomhghníomhaíochtaí

Is é RTÉ Craoltóir Poiblí na h-Eireann a sholáthraíonn seirbhísí raidió agus teilifíse saor-go-haer. Soláthraíonn RTÉ seirbhísí tarchuradóireachta gréasáin agus túir do chraoltóirí agus d'úsáideoirí eile agus riarann Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ agus Ceolfhoireann Choirme Náisiúnta RTÉ mar aon le cóir éagsúla. Lena chois sin, foilsíonn RTÉ an RTÉ Guide mar aon le raon de sheirbhísí agus de tháirgí teilitéacs agus gréasánbhunaithe.

Rialúchán Corparáideach

Tá glactha ag RTÉ le *Cód Cleachtais na gComhlachtaí Stáit* a d'fhaomh an Rialtas, 2 Deireadh Fómhair 2001, mar aon leis na dualgais i leith an rialúcháin chorparáidigh agus eile a leanann an *tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995* agus an *tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001*.

Corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh faoin *Acht um Údarás Craolacháin, 1960* agus dá réir sin ní bhaineann forálacha an Chóid Chomhcheangailte (*“Principles of Good Governance and Code of Best Practice”* mar a d'aontaigh Stocmhalartáin na hÉireann agus Londan leo) le RTÉ. Ina dhiaidh sin, áfach, tacaíonn RTÉ le prionsabail agus forálacha an Chóid Chomhcheangailte agus, mar gheall air sin, glacadh céimeanna cuí d'fhonn go gcloífi leis na príomhcheanglais ann chomh fada is a bhaineann siad le RTÉ le linn 2004.

Údarás RTÉ

Naonúr comhalta, ceaptha ag an Rialtas do thréimhse nach faide ná cúig bliana, a bhíonn ar Údarás RTÉ (“an tÚdarás”). Críochnóidh téarma oifige na gcomhaltaí atá ar an Údarás anois 31 Bealtaine 2005.

Aontaíonn an tÚdarás sceideal de chruinnithe rialta a thionóltar le linn gach bliana féilire agus tagtar le chéile ar ócáidí eile nuair is gá. Tá sceideal foirmeálta ábhar faoi shainchúram an Údaráis le cinní a dhéanamh ina dtaobh ag na cruinnithe. Féadfaidh comhaltaí an Údaráis, i mbun a ndualgas dóibh, comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil de réir mar is gá ar chostas RTÉ. Tá teacht ag comhaltaí uile an Údaráis ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí Ghrúpa RTÉ.

Bíonn teacht féilteúil iomlán ag comhaltaí an Údaráis ar fhaisnéis a bhíonn uathu chun a chur ar a gcumas a ndualgais a chomhlíonadh. Dáiltear doiciméid Údaráis mar aon le cáipéisí taca ábhartha, faisnéis airgeadais mhíosúil is a leithéid, mar aon leis na miontuairiscí go léir, ar chomhaltaí in am cuí roimh chruinnithe an Údaráis.

Tá deighilt idir ról Chathaoirleach an Údaráis, nach feidhmeannach é, agus ról an Phríomh-Stiúrthóra. Is fostaí de chuid RTÉ í Anne Doyle faoi láthair agus ceapadh ar an Údarás í tar éis toghcháin i measc na foirne. Is comhaltaí de Chiste Pinsean Aoisliúntais RTÉ iad Joe Barry, iar-Phríomh-Stiúrthóir agus comhalta Údaráis, agus Anne Doyle.

Bunaíodh an gaol idir RTÉ agus an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha (an Roinn Poist agus Teileagraf mar a bhí air san am) go foirmeálta i 1960.

Foilsíonn RTÉ Ráiteas bliantúil Geallúintí do bhreathnadóirí agus d'éisteoirí i dtaca le haschur na bliana romhainn. Deineann an Rialtas meastóireacht ar an gcuma a gcomhlíonann RTÉ na geallúintí sin mar chuid de phróiseas athbhreithnithe na

dTáillí Ceadúnais. Buailéann Cathaoirleach an Údaráis agus an bhainistíocht fheidhmiúcháin leis an Rialtas ar bhonn rialta chun plé a dhéanamh ar an bhfeidhmiú oibríochta agus airgeadais.

Coistí agus Fochoistí an Údaráis

Bunaítear coistí agus fochoistí ó thráth go chéile mar chabhair don Údarás i gcomhlíonadh a ndualgas. Is iad na príomhchoistí a bhíonn ann go leanúnach, ná **an Coiste Iniúcháireachta, Fochoiste na gClár**, agus **Fochoiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair**. Tionóladh **Fochoiste um Fheidhmiú an Phlean Straitéisigh** agus **Fochoiste um Earcú Príomh-Stiúrtóra** de réir ba mar ghá chomh maith.

Triúr comhalta Údaráis a bhíonn ar an **gCoiste Iniúcháireachta**, teist neamhspleáchais orthu go léir, agus tagann siad le chéile ar a laghad ceithre huair sa bhliain. Athbhreithnítear agus pléitear raon d'ábhair le hardfheidhmeannaigh bhainistíochta, le foireann inmheánach iniúcháireachta agus le hionadaithe ó na hiniúcháirí seachtracha. Ina measc: cláir iniúcháireachta inmheánacha agus seachtracha, réimsí anailíse riosca agus smachta inmheánaigh, feidhm na hiniúcháireachta inmheánaí, tuairisc na n-iniúcháirí seachtracha, neamhspleáchas agus éifeachtúlacht costais agus tuairisciú airgeadais agus cúraimí gaolmhara. Tá teacht iomlán neamhshrianta ag na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha ar an gCoiste Iniúcháireachta, tugtar cuireadh dóibh a bheith i láthair ag cruinnithe cuí an Choiste agus bíonn deis ag na hiniúcháirí seachtracha bualadh le comhaltaí an Choiste leo féin uair amháin sa bhliain ar a laghad. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta don Údarás i dtaobh ceisteanna suaithinseacha a bhíonn pléite ag an gCoiste Iniúcháireachta agus dáiltear a miontuairiscí ar na comhaltaí Údaráis uile.

Ceathrar comhalta Údaráis a bhíonn ar **Fochoiste na gClár**, teist an neamhspleáchais orthu uile, agus tagann siad le chéile go tréimhsiúil. Breithníonn an coiste seo eochairfhorbairtí agus pleananna maidir le Cláir agus Sceidil an Raidió agus na Teilifíse.

Triúr comhalta Údaráis a bhíonn ar an **bhFochoiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair**, teist neamhspleáchais orthu go léir, agus faigheann siad cúnaimh nuair is cuí ó dhuine a ainmníonn an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Breithníonn an fochoiste seo gach gné de luach saothair an Phríomh-Stiúrtóra agus na hárdbhainistíochta trí chéile agus cuireann siad moltaí faoi bhráid an Údaráis.

Smacht Inmheánach

Tá freagracht iomlán ar an Údarás as córais inmheánacha smachta an ghrúpa agus as monatóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtúlacht. Réitíodh na córais le deimhniú réasúnta seachas iomlán a sholáthar in éadan cailteanais nó míráitis.

Leagann **Cód Cleachtais Rialúcháin na gComhlachtaí Stáit** dualgas ar an Údarás éifeachtúlacht chórás smachta inmheánaigh RTÉ a bhreithniú. Tá na córais smachta go léir i gceist, airgeadas agus oibríocht san áireamh agus comhlíonadh is feidhmiú creatlaigh bhainistíochta riosca.

Tá creatlach láidir smachta i bhfeidhm ag RTÉ a bhaineann leis na heochair-réimsí smachta go léir. Is iad na heochairghnéithe den chóras inmheánach smachta atá i bhfeidhm faoi láthair:

- Struchtúr soiléir eagraíochta, le teorainneacha atá sainithe go foirmeálta agus meicníochtaí tuairiscithe go leibhéil bhainistíochta níos airde agus go dtí an tÚdarás;

- Nósanna imeachta bunaithe d'fhonn eochair-rioscaí a aithint, a smachtú agus a thuairisciú;
- Córais choimsitheacha do bhuiséadú, le buiséid bhliantúla airgeadais faofa ag an tÚdarás;
- Tuairisciú míosúil féilteúil, fíorthorthaí curtha i gcodarsnacht leis na buiséid, a mheasann an tÚdarás go míosúil; agus
- Polasaithe agus nósanna imeachta coimsitheacha a bhaineann le smachtanna oibríochta is airgeadais faoina n-áirítear caiteachas caipitiúil. Bíonn gá le faomhadh an Údaráis do mhórhograí caipitil.

Deimhníonn an tÚdarás gur deineadh breithniú, tríd an gCoiste Iniúcháireachta, ar éifeachtúlacht chóras an smachta inmheánaigh go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais agus an dáta sin san áireamh.

Gnó Leantach

Tar éis dóibh fiosruithe cuí a dhéanamh, tá dóchas réasúnta ag comhaltaí an Údaráis go bhfuil dóthain acmhainní ag RTÉ, san iomlán, chun leanúint i mbun oibre sa léiríodhchaí agus, ar an ábhar sin, tá an tÚdarás ag cloí le bonn an ghnó leantaigh in ullmhú na ráiteas airgeadais.

Luach Saothair chomhaltaí an Údaráis, an Phríomh-Stiúrthóra agus Phríomhfheidhmeannach Fochuideachta

	2003 €'000	2002 €'000
Comhaltaí an Údaráis¹		
Patrick J Wright	32	29
Joe Barry ²	14	13
Des Geraghty	16	7
Maura Hayes	16	15
Garry Hynes	14	13
Stephen O'Byrnes	14	13
Paddy Marron	14	14
Mary Peters	15	14
Anne Doyle ³	14	14
	149	132
An Príomh-Stiúrthóir		
Cathal Goan ⁴	43	-
Bob Collins ⁵	234	158
	277	158
Seirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta		
Pól Ó Gallchóir ⁶	125	107

¹ Ní feidhmeannaigh iad comhaltaí an Údaráis agus áiríonn na híocaíochtaí na costais.

² Áirítear costas pinsin Joe Barry i gCiste Aoisliúntais RTÉ

³ Áirítear luach saothair Anne Doyle mar fhostaí i gcostas foirne.

⁴ Ón 18 Deireadh Fómhair 2003, dáta a cheaptha ina Phríomh-Stiúrthóir.

⁵ Go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2003, an dáta scoir aige mar Phríomh-Stiúrthóir, riaráistí tuarastail san áireamh.

⁶ Chun críche an nóta seo, meastar céim Cheannasaí TG4 a bheith comhionann le Príomhfheidhmeannach Sheirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta.

Áiríodh €17,000 (2002: €31,000) de chostas breise a tháinig i gceist, is a bhain le riarachán ginearálta an Údaráis, faoi chostais oibríochta.

Dhein RTÉ mar a éilítear i dtreoirínte íocaíochta na dtáillí le Cathaoirligh agus Stiúrthóirí Comhlachtaí Stáit a d'eisigh an tAire Airgeadais mí Iúil 1992.

Seachas a bhfuil nótálta thuas, níor deineadh aon chonarthaí nó socrúithe le linn na bliana ina raibh leas ábhartha ag aon chomhalta Údaráis, nó stiúrthóir den ghrúpa nó dá fhochuideachtaí, is a bhí suaithinseach i gcomhthéacs ghnó an ghrúpa.

Leas na bhFostaithe

Is é polasaí RTÉ é go gcinnteofaí sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe trí láthair agus córas sábháilte oibre a choimeád. Feidhmíodh an polasaí seo ar feadh na bliana, bunaithe ar dhualgais an *Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989*.

Leabhair agus taifid

Tá freagracht ar chomhaltaí Údarás RTÉ a chinntiú go gcoimeádtar leabhair agus taifid chearta airgeadais. I measc na gcéimeanna chuige sin, tá úsáid córas agus nósanna imeachta cuí, fostú daoine le cáilíochtaí cuntasáíochta gairmiúla cuí agus leorsholáthar acmhainní don fheidhm airgeadais. Coimeádtar na leabhair chuntas i nDomhnach Broc, Baile Átha Cliath 4.

Íoc cuntas

Aithníonn comhaltaí an Údaráis an fhreagracht atá orthu a chinntiú go ngéilltear, i ngach slí ábhartha, d'fhorálacha *Rialacháin Chomhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 ("na Rialacháin")*. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm d'fhonn go n-aithneofaí dátaí dlite sonrasc agus d'fhonn a chinntiú go ndeintear íocaíochtaí faoi na dátaí sin. Soláthraíonn nósanna imeachta dá leithéid cinnteacht réasúnta go seachnófaí neamhghéilleadh ábhartha i leith na Rialachán. Ba é polasaí íocaíochta na bliana go ngéillfí do cheanglais na Rialachán.

Cuideachtaí an Ghrúpa

Tugtar faisnéis a bhaineann le fo-ghnóthais agus gnóthais choimhdeacha i nóta 9 do na ráitis airgeadais.

Síntiúis pholaitiúla

Ní raibh aon síntiúis pholaitiúla i rith na bliana atá le nochtadh faoin *Acht Toghcháin, 1997*.

Thar ceann an Údaráis



Patrick J. Wright
Cathaoirleach



Paddy Marron
Comhalta Údaráis
agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchóireachta

1 Aibreán 2004

Tá de dhualgas ar chomhaltaí Údarás RTÉ ráitis airgeadais a ullmhú, do gach tréimhse airgeadais, faoi réir na reachtaíochta craolacháin agus na gcaighdeán cuntasáíochta Éireannach cuí, a thugann léargas fíor, cothrom, ar staid RTÉ agus an ghrúpa agus ar fharrasbarr nó easnamh na tréimhse sin. Le linn dóibh a bheith ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, tá dualgas ar chomhaltaí Údarás RTÉ:

- polasaithe cuntasáíochta cuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh RTÉ i mbun gnó.

Tá comhaltaí Údarás RTÉ freagrach as leabhair chuntas chearta a choimeád a nochtann staid airgeadais RTÉ agus an ghrúpa go sách cruinn ag aon am agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go dtagann na ráitis airgeadais leis an reachtaíocht chraolacháin. Tá freagracht ghinearálta orthu cibé céimeanna atá ar fáil dóibh go réasúnta a ghlacadh d'fhonn sócmhainní an ghrúpa a chosaint agus d'fhonn caimiléireacht agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aithint.

Thar ceann an Údaráis



Patrick J. Wright
Cathaoirleach



Paddy Marron
Comhalta Údaráis
agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúcháireachta

1 Aibreán 2004

Tuairisc na n-iniúcháirí neamhspleácha do chomhaltaí Údarás RTÉ

Dheineamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 40 go 76.

Is do chomhaltaí an Údaráis amháin, mar chomhlacht, an tuairisc seo. Chuamar i mbun ár gcuid oibre iniúcháireachta d'fhonn is go bhféadfaimis na nithe atá ceangailte orainn a rá leo i dtuairisc iniúcháirí, agus ní d'aon chríoch eile, a rá le comhaltaí an Údaráis mar chomhlacht. Oiread ar fad is a cheadaítear faoin dlí, ní ghlacaimid agus ní thógaimid orainn féin freagracht d'aon duine seachas RTÉ agus comhaltaí an Údaráis mar chomhlacht, as ár n-obair iniúcháireachta nó as na tuairimí ar a dtángamar.

Freagrachtaí an Údaráis is na n-iniúcháirí faoi seach

Tá comhaltaí an Údaráis freagrach as ullmhú na Tuarascála Bliantúla. Mar a dúradh ar leathanach 37, áirítear freagracht anseo i leith ullmhú na ráiteas airgeadais faoi réir na gcaighdeán cuntasaióchta agus na reachtaíochta Éireannaí cuí.

Tá ár bhfreagrachtaí, mar iniúcháirí neamhspleácha, bunaithe le reachtaíocht, le Bord na gCleachtas Iniúcháireachta agus le treoir eitice ár ngairme in Éirinn.

Inár dtuairisc daoibh, deirimid an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cothrom agus ar ullmhaíodh iad faoi réir na reachtaíochta craolacháin. Tuairiscimid daoibh, ina theannta sin, an dóigh linn gur choimeád RTÉ leabhair chuntas chearta. Lena chois sin, deirimid ar tugadh an fhaisnéis uile dúinn ba ghá chun críche na hiniúchta againn agus an dtagann clár comhardaithe RTÉ leis na leabhair chuntas.

Breithnímid, ar iarratas an Údaráis, an dtugann an ráiteas i dtaobh an chórais rialúcháin inmheánaigh ar leathanach 34 léargas ar ghéilleadh an ghrúpa d'fhoráil an *Chóid Dea-Chleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit* a shainítear lena breithniú ag iniúcháirí agus tuairiscimid arb é nach dtugann na ráitis sin léargas ar ghéilleadh an ghrúpa don fhoráil. Níl sé ceangailte orainn a mheas an gclúdaíonn ráitis an Údaráis ar rialúchán inmheánach na rioscaí agus na rialtáin uile, nó teacht ar thuairim faoi éifeachtúlacht nósanna imeachta rialúcháin chorparáidigh an ghrúpa nó a nósanna imeachta riosca agus smachta.

Léimid an fhaisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, Tuairisc Chomhaltaí an Údaráis agus an ráiteas rialúcháin chorparáidigh san áireamh, agus measaimid an bhfuil an fhaisnéis sin ag teacht leis na ráitis airgeadais iniúchta. Measaimid na himpleachtaí dár dtuairisc féin má bhraithimid dealramh an mhírátis ar aon ní ansin.

Bonn na dtuairimí iniúcháireachta

Reachtálar ár n-iniúcháireacht faoi réir na gCaighdeán Iniúcháireachta a d'eisigh Bord na gCleachtas Iniúcháireachta. Bíonn scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise i dtaobh na suimeanna agus na bhfaisnéisithe sna ráitis airgeadais san iniúcháireacht. Breithnítear meastacháin is breithiúnais shuaithinseacha an Údaráis in ullmhú na ráiteas airgeadais chomh maith, oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaióchta do thosca RTÉ, agus an bhfeidhmítear is an leornochtar iad go leanúnach.

Bheartaíomar agus dheineamar ár n-iniúcháireacht d'fhonn teacht ar an bhfaisnéis agus na míniúcháin uile a shíleamar ba ghá chun dóthain fianaise a sholáthar le dearbhú réasúnta a dhéanamh go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu caimiléireacht nó mírialtacht eile nó dearmad ba bhun leis. Agus sinn ag teacht ar ár dtuairim bhreithníomar sásúlacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Ár dtuairim

Faightear léargas fíor cothrom sna ráitis airgeadais, dar linn, ar staid RTÉ agus an ghrúpa mar a bhí 31 Nollaig 2003, agus ar fharrasbarr agus ar shreabhadh airgid na bliana a chríochnaigh an uair úd, agus ullmhaíodh iad i gceart faoi réir na reachtaíochta craolacháin.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin uile is gá dar linn chun críche ár n-iniúcháireachta. Choimeád RTÉ leabhair chuntas chearta, dar linn. Tagann clár comhardaithe RTÉ leis na leabhair chuntas.



Cuntasóirí Cairte
Iniúcháirí Cláraithe

1 Aibreán 2004

Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta seo leanas i bhfeidhm go leanúnach ag plé le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i gcomhthéacs ráitis airgeadais an ghrúpa ach gur athraíodh an ionramháil chuntasaíochta d'ioncam scaipiúcháin le go n-áireofaí forálacha Nóta Feidhmithe G do Chaighdeán Tuairiscthe Airgeadais 5 'Tuairisciú Shubstaint na nIdirbheart', a eisíodh mí na Samhna 2003.

Bonn ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi réir phrionsabal cuntasaíochta a nglactar go coiteann leo faoi choinbhínsean an chostais stairiúil agus tagann siad le caighdeáin tuairiscthe airgeadais Bhord na gCaighdeán Cuntasaíochta mar a d'fhógair Institiúid Chuntasóirí Cairte na hÉireann iad. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair sa chruth atá faofa, faoi reachtaíocht chraolacháin, ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais.

Bonn an chomhdhlúthaithe

Áirítear ráitis airgeadais RTÉ agus na bhfo-ghnóthas uile, a dhréachtar go dtí an 31 Nollaig gach bliain, sna ráitis airgeadais chomhdhlúite.

Ioncam

Is é an teacht isteach ó tháillí na gceadúnas teilifíse, díolacháin fhógraíochta, urraíocht, úsáid áiseanna agus ghréasán tarchuradóireachta an ghrúpa, teacht isteach scaipiúcháin agus imeachtaí, agus teacht isteach ar ábhair, ar mharsantacht agus ar bhearta gaolmhara, atá san ioncam a fhágann CBL agus bearta idir chuideachtaí an ghrúpa as an áireamh. Luaitear ioncam glan ar lascainí socraíochta agus méide.

Teacht isteach tháillí na gceadúnas teilifíse

Bailíonn An Post teacht isteach tháillí na gceadúnas teilifíse agus tugtar ansan don Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha é, glan ar chostais an bhailithe, agus ar thobhach 5% don Chiste Speisialta Craolacháin. Tugann an Roinn "deontas-i-gcabhair" neamh-inaisíochta do RTÉ in ionad na glanmhéide a bhailigh An Post, mar a sholáthraítear in Alt 8 den **Acht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1976**. Aithnítear teacht isteach ó tháillí na gceadúnas teilifíse nuair a bhailíonn An Post na suimeanna.

Teacht isteach fógraíochta agus urraíochta

Aithnítear teacht isteach fógraíochta nuair a sheachadtar na sonraí ráchairte fógraíochta aontaithe, agus luaitear é glan ar choimisiúin áisín-teachta. Aithnítear teacht isteach urraíochta nuair a chraoltar an clár lena mbaineann sé.

Teacht isteach gréasáin agus áiseanna

Bíonn teacht isteach gréasáin agus áiseanna i gceist le húsáid, agus rochtain, ghréasán tarchuradóireachta an ghrúpa agus áiseanna stiúideo a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe. Aithnítear suimeanna de réir mar a sholáthraítear do na tríú páirtithe.

Teacht isteach scaipiúcháin agus imeachtaí

Bíonn teacht isteach scaipiúcháin i gceist le foilsíú agus scaipeadh an RTÉ Guide. Ba é polasaí cuntasaíochta an ghrúpa cheana go n-aithnítear teacht isteach ar dhíolacháin an RTÉ Guide ar bhonn na suimeanna comhlána sonrasctha don dáilitheoir. Bhíodh na táillí a bhí iníochta leis an dáilitheoir agus leis an miondíoltóir san áireamh ansin agus d'áirítí iad sin ina dhiaidh sin i gcostais dháilte an ghrúpa sa ráiteas ioncaim agus caiteachais. Agus Nóta Feidhmithe G do Chaighdeán Tuairiscthe Airgeadais 5 'Tuairisciú Shubstaint na nIdirbheart' á chur i bhfeidhm, luaitear an teacht isteach ar dhíolacháin an RTÉ Guide anois glan ar tháillí dlite don dáilitheoir agus don

miondíoltóir deiridh. Ní raibh éifeacht ag an athrú sa pholasáí cuntasáíochta a lean Feidhmiú Nóta G ar fharrasbarr/easnamh coimeádta an ghrúpa sa bhliain reatha nó anuraidh.

Bíonn teacht isteach imeachtaí i gceist le hócáidí poiblí a eagraíonn Grúpaí Oirfide RTÉ. Aithnítear é de réir mar a thionóltar na himeachtaí agus nuair a bhíonn suimeanna dlite.

Teacht isteach ábhair, marsantachta agus bearta gaolmhara

Is é a luaitear sa teacht isteach ábhair, marsantachta agus bearta gaolmhara, ná suimeanna a thuilleann RTÉ ar ábhar agus ar sheirbhísí, a sholáthraítear do thríú páirtithe ar shlite éagsúla, ar a bhfuil Áiseanna Idirlín an ghrúpa, Teilitéacs Aertel, díolachán seachtrach ábhar RTÉ agus suimeanna a thuilltear le seirbhísí tráchtála eile a sholáthraíonn an grúpa. Aithnítear teacht isteach nuair a sholáthraítear an tseirbhís nó nuair a sheachadtar earraí don tríú páirtí.

Caiteachas clár

Cuirtear costais a bhaineann le léiriúcháin Inmheánacha, cearta, cláir choimisiúnaithe agus cláir cheannaithe (neamhchoimisiúnaithe) i leith an ráitis ioncaim agus caiteachais nuair a éiríonn siad.

Costais na bpinsean

Deineann an grúpa ranníocaíochtaí pinsin do líon suaithinseach fostaithe trí Chiste Pinsean Aoisliúntais (Sochar Sainithe) RTÉ, trí Chiste Pinsean Ranníocaíochtaí Sainithe RTÉ agus trí scéimeanna eile.

Is é a chuirtear i leith an ráitis ioncaim agus caiteachais do Chiste Pinsean Aoisliúntais RTÉ, an costas rialta measta do sholáthar na sochar fabhráithe i rith na bliana, coigeartaithe ar scáth na malairtí a thagann ar an gcostas sin. Ríomhtar an costas rialta chun go léireodh sé céatadán cothrom, geall leis, den phárolla inphinsin reatha agus amach anseo. Cuirtear malairtí ón gcostas rialta mar mhuirear nó mar shochar i leith an ráitis ioncaim agus caiteachais thar fhuilleach ré sheirbhíse na bhfostaithe. Is iad na suimeanna a éiríonn i rith na bliana a mhuirearaítear ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais i dtaca le scéimeanna eile.

Áirítear aon difríochtaí idir na suimeanna a mhuirearaítear ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus na ranníocaíochtaí a íoctar le scéimeanna pinsean i measc na bhfiachúnaithe nó na gcreidiúnaithe ar an gclár comhardaithe.

Léiríonn na suimeanna a mhuirearaítear mar chaiteachas do na scéimeanna ranníocaíochta sainithe is eile na ranníocaíochtaí iníoctha ag an ngrúpa don tréimhse chuntasaíochta i dtaca leis an scéim.

Costais athstruchtúraithe

Deineann an grúpa soláthar do lánchostas na scéimeanna athstruchtúraithe, fiú má leanann na scéimeanna athstruchtúraithe níos faide ná an bhliain reatha. Bheadh costais láithreacha laghdaithe foirne, íocaíochtaí (cnapshuimeanna) agus íocaíocht tuarastail laghdaithe sna blianta chugainn go dtí go gcáileodh na daoine a bheadh i gceist dá bpinsin, mar aon le costais ábhartha eile, san áireamh ina leithéid de shuimeanna. Muirearaítear an costas iomlán don ghrúpa ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain a bhfógraítear agus a dtosaítear an scéim athstruchtúraithe.

Cánachas

Soláthraítear cáin chorparáide Éireannach agus eachtrach ar bhrabús incháinite de réir na rátaí reatha. Tá teacht isteach an ghrúpa ó tháillí ceadúnais saor ó cháin chorparáide.

Aithnítear cáin iarchurtha i dtaca leis na difríochtaí uainithe uile atá túsaithe ach nach bhfuil aisiompaithe ag dáta an chláir chomhardaithe nuair a bhíonn bearta i gcrích faoi dháta an chláir chomhardaithe as a dtagann dualgas le cáin bhreise a íoc amach anseo nó le níos lú cáin a íoc amach anseo. Is é atá i gceist leis na difríochtaí uainithe ná difríochtaí, idir bhrabús incháinite an ghrúpa agus na torthaí a luaitear sna ráitis airgeadais, a éiríonn as áireamh na ngnóthachan agus na gcaillteanas i meastacháin chánach i dtréimhsí nach comhionann leis na tréimhsí a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid go meastar iad a bheith in-aisghabhála. Meastar iad a bheith in-aisghabhála sa mhéid go meastar, ar bhonn a bhfuil d'fhianaise ar fáil, gur dóichí ná a mhalairt go mbeidh brabús incháinite cuí a mbeifear in ann a fhritháireamh i gcoinne aisiompú na ndifríochtaí uainithe bunúsacha amach anseo.

Seirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta

Is é atá i gcaiteachas Sheirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta, fochuideachta atá i lánúinéireacht RTÉ, na costais chaipitil agus oibríochta i dtaca le TG4, an cainéal teilifíse Gaeilge a bunaíodh faoi réir pholasaí craolacháin an Rialtais.

Maoiníonn an Státchiste caiteachas caipitil Sheirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta le deontais chaipitil (íocaíochtaí **neamh-in-aisíochta** Státchiste). Deintear amúchadh ar na suimeanna deontais seo ar an mbonn céanna a ndeintear na sócmhainní a bhaineann leo a dhíluacháil.

Maoinítear costais oibríochta dhíreacha Sheirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta, caiteachas suaithinseach clár agus riaracháin, glan ar theacht isteach fógraíochta is eile, go hiomlán le deontais-i-gcabhair ón Státchiste. Deineadh an caiteachas seo a fhritháireamh i gcoinne na ndeontas-i-gcabhair gaolmhar sa ráiteas ioncaim agus caiteachais.

Aithnítear deontas-i-gcabhair faighte ón Státchiste i leith táillí tarchurtha sa chuntas ioncaim agus caiteachais nuair a thagann an caiteachas ar tháillí tarchurtha i bhfeidhm.

Éiríonn costais bhreise i dtaca le soláthar tacaíochta breise do TG4, cláir, tarchur gréasáin chraolta, tacaíocht innealltóireachta agus seirbhísí eile do TG4 faoi réir pholasaí craolacháin an Rialtais agus tuairiscíonn RTÉ ar leith iad.

Sócmhainní seasta inláimhsithe

Taispeántar sócmhainní seasta ar a mbunchostas, glan ar dhíluacháil charntha agus aon soláthar lagaithe.

Soláthraítear díluacháil ar na sócmhainní seasta inláimhsithe uile, seachas talamh ruilse, de réir rátaí a ríomhtar d'fhonn costas gach sócmhainne a dhíscríobh, lúide an luach iarmharach, ar bhonn líne díri ina ré úsáideach ionchais. Is iad seo leanas na príomhrátaí a úsáidtear:

Foirgnimh	%
Gléasra agus trealamh	2.5
Daingneáin agus fearais	7.5 - 20
	10

Sócmhainní seasta airgeadais

Luaitear infheistíochtaí sócmhainní airgeadais ar a gcostas lúide aon soláthar lagaithe.

I gclár comhardaithe RTÉ féin, luaitear leasa i bhfochuideachtaí ar a gcostas lúide aon soláthar lagaithe.

Soláthairtí

Tugtar cuntas ar sholáthairtí faoi réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 12 'Soláthairtí, dlíteanais theagmhasacha agus sócmhainní teagmhasacha'. Soláthraítear do chostas oibleagáide láithrí nuair is dóigh go mbeidh gá le haistriú le luach eacnamaíoch do réiteach na hoibleagáide agus nuair a fhéadann an grúpa meastachán iontaofa a dhéanamh ina leith. Más féidir leis an ngrúpa an caiteachas sin a sheachaint trí athrú a dhéanamh ar ghníomhartha amach anseo, ní aithnítear aon soláthar faoi bhráid na hoibleagáide.

Cóirítear oibleagáidí a éireoidh i mblianta amach anseo go dtína luacha láithreacha trí ráta lascaine cuí a chur i bhfeidhm. Baintear íocaíochtaí ón soláthar de réir mar a íoctar iad agus muirearaítear ús a bhaineann leo go bliantúil ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais.

Urrúis indíolta

Airgead tirim agus ionstraim airgid a bhainistítear go seachtrach thar ceann an Údaráis iad na hurrúis indíolta.

Luaitear na hurrúis indíolta sin ar luach an mhargaidh mar atá ag dáta an chláir chomhardaithe. Áirítear gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe a éiríonn ar luach iomprach na n-urrús, agus aon ús infhaighte a léirítear ina luach ar an margadh, faoi 'Ús infhaighte agus ioncam dá leithéid' sa ráiteas ioncaim agus caiteachais.

Don tuairisciú ar shreabhadh airgid, faoi réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 1 'Ráitis faoi shreabhadh airgid', pléitear le gach taisce a rangáítear mar 'Airgead sa bhanc' sa chlár comhardaithe, seachas taiscí prapéilimh, mar 'Acmhainní leachtacha' sa ráiteas comhdhlúite faoi shreabhadh airgid.

Léasanna

Muirearaítear cíosanna faoi léasanna oibríochta ar bhonn na líne díri thar thréimhse an léasa.

Airgeadra eachtrach

Tuairiscítear bearta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha don chuid is mó leis na rátaí malairte iarbhír ag dáta na mbeart nó, nuair is cuí, leis na rátaí malairte i gconarthaí réamh-mhalairte a bhaineann leo. Cuirtear sócmhainní agus dlíteanais airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha in iúl ag úsáid na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó, nuair is cuí, na rátaí malairte i gconarthí réamh-mhalairte a bhaineann leo. Áirítear aon ghnóthachan nó aon chaillteanas a éiríonn as athrú sna rátaí malairte tar éis dháta an bhirt mar ghnóthachan nó mar chaillteanas sa ráiteas ioncaim agus caiteachais.

Bearta páirtithe gaolmhara

Bhain an grúpa úsáid as na díolúiní faoi Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 8 'Faisnéisithe páirtithe gaolmhara' agus, dá réir sin, ní nochtar bearta idir ghnóthais ghrúpa.

Ráiteas comhdhlúite ioncaim agus caiteachais

don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2003

	Nóta	2003 €'000	Athluaite (nóta 19) 2002 €'000
Teacht isteach	1	312,672	271,998
Costais oibríochta roimh dhíluacháil, amúchadh, ús & míreanna eisceachtúla		(291,164)	(276,081)
Tuilleamh Roimh: Ús, Cáin, Díluacháil & Amúchadh		21,508	(4,083)
Díluacháil & amúchadh		(19,486)	(17,795)
Farasbarr / (Easnamh) Oibríochta		2,022	(21,878)
Míreanna eisceachtúla neamhoibríochta	2	-	(35,368)
Tuilleamh Roimh Ús & Cáin		2,022	(57,246)
Ús infhaighte agus ioncam dá leithéid	3	1,055	1,706
Ús iníochta and muirir dá leithéid	4	(816)	(482)
Farasbarr / (Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	1, 5	2,261	(56,022)
Cáin ar fharasbarr/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí	7	-	-
Farasbarr / (Easnamh) na bliana		2,261	(56,022)
Cuntas ioncaim agus caiteachais ag tús na bliana		73,943	129,965
Cuntas ioncaim agus caiteachais ag deireadh na bliana		76,204	73,943

Tháinig an teacht isteach agus an farasbarr/(easnamh) ar ghnáthghníomhartha uile roimh ús geall leis as oibríochtaí atá idir lámha i gcónaí.

Níl aon ghnóthachain ná cailteanais aitheanta seachas iad siúd a thaispeántar thuas agus, dá réir sin, níl aon ráiteas d'iomlán na ngnóthachan agus cailteanas aitheanta curtha i láthair.

Thar ceann an Údaráis

Patrick J. Wright
Cathaoirleach

Cathal Goan
Príomh-Stiúrthóir

Paddy Marron
Comhalta Údaráis
agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúcháireachta

Clár comhardaithe comhdhlúite

ar 31 Nollaig 2003

	Nóta	2003 €'000	2002 €'000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	8	118,019	127,455
Sócmhainní airgeadais	9	1,615	1,615
		119,634	129,070
Sócmhainní reatha			
Fiachúnaithe	10	47,088	41,236
Urrúis indíolta		35,349	27,808
Airgead ar láimh agus sa bhanc		4,968	15,117
		87,405	84,161
Creidiúnaithe: Suimeanna dlite laistigh de bhliain	11	(71,962)	(58,464)
		15,443	25,697
Glansócmhainní reatha		135,077	154,767
Iomlán sócmhainní lúide dliteanais reatha		135,077	154,767
Deontais chaipitil agus deontais-i-gcabhair	12	(16,081)	(16,501)
Soláthairtí do dhliteanais agus do mhuirir	13	(42,792)	(64,323)
Glansócmhainní	1	76,204	73,943
Caipiteal agus cúlchistí			
Cuntas ioncaim agus caiteachais		76,204	73,943

Thar ceann an Údaráis

Patrick J. Wright
Cathaoirleach

Cathal Goan
Príomh-Stiúrthóir

Paddy Marron
Comhalta Údaráis
agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúcháireachta

Ráiteas comhdhlúite faoi shreabhadh airgid
don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2003

	Nóta	2003 €'000	2002 €'000
Glan-Insreabhadh / (Eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibríochta	17(a)	26,718	(5,180)
Míreanna eisceachtúla neamhoibríochta	17(b)	(19,535)	(22,166)
Fáltais ar infheistíochtaí agus seirbhísíú airgeadais	17(b)	1,047	1,460
Cáin		-	-
Caiteachas caipitil	17(b)	(11,889)	(11,001)
		(3,659)	(36,887)
Bainistiú acmhainní leachtacha	17(b)	(7,541)	49,128
(Lagdhú) / Méadú glan ar fhuílligh d'airgead tirim	17(c)	(11,200)	12,241

Thar ceann an Údaráis



Patrick J. Wright
Cathaoirleach



Cathal Goan
Príomh-Stiúrthóir



Paddy Marron
Comhalta Údaráis
agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúcháireachta

Clár comhardaithe RTÉ

ar 31 Nollaig 2003



	Nóta	2003 €'000	2002 €'000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	8	76,207	97,900
Sócmhainní airgeadais	9	51,355	63
		127,562	97,963
Sócmhainní reatha			
Fiachúnaithe	10	96,748	44,942
Urrúis indíolta		32,389	27,808
Airgead ar láimh agus sa bhanc		1,951	1,976
		131,088	74,726
Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain	11	(132,930)	(66,000)
		(1,842)	8,726
Sócmhainní uile líude dliteanais reatha			
		125,720	106,689
Soláthairtí do dhliteanais agus do mhuirir	13	(42,792)	(64,323)
		82,928	42,366
Glansócmhainní			
Caipiteal agus cúlchistí			
Cuntas ioncaim agus caiteachais		68,275	42,366
Cúlchistí eile	8	14,653	-
		82,928	42,366

Thar ceann an Údaráis

Patrick J. Wright
Cathaoirleach

Cathal Goan
Príomh-Stiúrthóir

Paddy Marron
Comhalta Údaráis
agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúcháireachta

1 Príomhghníomhaíocht agus Faisnéis Rannach

Is é RTÉ Craoltóir Poiblí na hÉireann a sholáthraíonn seirbhísí raidió agus teilifíse saor-go-haer. Thairis sin, soláthraíonn RTÉ seirbhísí tarchuradóireachta gréasáin agus túir do chraoltóirí agus d'úsáideoirí eile, riarann ceolfhoirne agus cóir náisiúnta, agus foilsíonn an RTÉ Guide mar aon le raon de sheirbhísí agus de tháirgí teilitéacs agus gréasánbhunaithe.

Ó Eanáir 2003 amach, deineadh atheagrú iomlán ar oibríochtaí agus ar bhainistíocht RTÉ go Ranna Gnó Comhtháite (RGC-anna) – Teilifís, Raidió, Nuacht, Gréasán, Foilsitheoireacht agus Grúpaí Oirfide mar aon le lár corparáideach. Dá réir sin, tá an fhaisnéis rannach thíos á tuairisciú don chéad uair i 2003 agus níl faisnéis chomparáideach le brí ar fáil i dtaca le 2002.

Anailís ar ioncam agus ar fharasbarr/(easnamh) de réir na Roinne Gnó Comhtháite

In 1a) thíos, tuairiscítear fáltais sa RGC inar tuilleadh iad. Is feidhm de shannadh an ioncaim ó cheadúnais teilifíse do gach cainéal agus seirbhís ar leith, mar a leagtar amach sna hailt thíos, sannadh an ioncaim do gach RGC.

Laistigh den RGC a thuairiscítear costais a tharraingítear go díreach ar son an RGC. I gcás nach dtarraingíonn an RGC na costais go díreach, baintear feidhm as bonn cuí do chionroinnt úsáide / d'ionsú lánchostais a léireoidh costas cothrom réasúnta na seirbhísí idir-rannacha ag na RGC-anna. Chun críche Anailís Rannach na RGC-anna, foilsítear costais RGC na Nuachta neamhspleách ar Theilifís agus Raidió. Cuirtear seirbhísí ghréasán na tarchuradóireachta i leith na RGC-anna ar bhonn taraife sainithe a áiríonn corrlach mar aon le díothuithe cuí a léirítear ar chomhdhlúthú. Áirítear costais / muirir a bhaineann le soláthar clár, tacaíocht innealltóireachta agus seirbhísí eile do TG4 faoi réir pholasaí rialtais (féach 1c) thíos) san fhaisnéis atá anseo i dtaca le RGC-anna na Teilifíse, na Nuachta agus an Ghréasáin.

Anailís ar ioncam agus ar fharasbarr/(easnamh) de réir an chainéil agus na seirbhíse

In 1b) thíos, tuairiscítear fáltais agus costais laistigh de chainéil agus de sheirbhísí faoi réir na bprionsabal céanna a úsáidtear d'fháltais agus chostais laistigh de RGC-anna. Chun críche na hAnailíse Rannáil Cainéil/Seirbhíse seo, cionroinntear costais RGC na Nuachta ar na Cainéil Raidió agus Theilifíse éagsúla ar bhonn cuí úsáide.

Cuireadh teacht isteach Tháillí na gCeadúnas Teilifíse sa chéad áit i dtreo na seirbhísí agus na gcainéil atá teoranta ina gcumas le fáltais thráchtála a chruthú astu féin (i.e. Grúpaí Oirfide, RTÉ Raidió na Gaeltachta, RTÉ lyric fm agus an taca a thugtar do TG4) agus a mheastar, mar sin, iad a bheith á maoiniú go bunúsach le teacht isteach tháillí na gceadúnas teilifíse faoi chomhair na nglanchostas. Ón taobh eile, cruthaíonn RTÉ 2fm dóthain d'ioncam tráchtála faoi chomhair na nglanchostas agus breis, agus tá ar a chumas dá réir sin cabhrú le maoiniú RTÉ Radio 1. Tugtar leorscair de theacht isteach na dtáillí ceadúnais do RTÉ Radio 1 faoi chomhair a nglanchostas tar éis aon sochar as farasbairr RTÉ 2fm agus ghníomhaíochtaí tráchtála neamh-chainéil raidió eile a chur san áireamh. Cuirtear fuílleach theacht isteach na dtáillí ceadúnais i leith RTÉ One agus RTÉ Network 2 i gcomhréir go díreach le costas coibhneasta na gclár baile ar an dá chainéal. Ní chuirtear aon chuid de theacht isteach Tháillí na gCeadúnas Teilifíse i leith sheirbhísí Foilsitheoireachta RTÉ, ar an idirlíon, ar theilitéacs nó eile.

Mar mhaithe le hiomláine, cruasaítear na gníomhaíochtaí iarmharacha neamhchainéil / neamhsheirbhíse faoin aicme "Eile" agus áirítear ansin RTÉ Tarchur Gréasáin, RTÉ Foilsitheoireacht, gníomhaíochtaí neamhchainéil laistigh de RTÉ Teilifís agus RTÉ Raidió mar aon le coigeartuithe oiriúnacha comhdhlúthaithe.

TG 4 – anailís ioncaim agus farasbairr/(easnaimh)

In 1c) thíos, tugann an fhaisnéis rannach i dtaobh TG4 léargas ar fháltais agus ar chostais a áirítear i ráiteas ioncaim agus caiteachais Sheirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta féin, mar aon leo siúd a éiríonn i gcoda eile de RTÉ is a bhaineann leis na tacaí a thugtar do TG4. I dtacaíocht seo RTÉ, áirítear na costais agus na muirir a éiríonn i dtaca le soláthar clár, le tacaíocht innealltóireachta, le tarchur gréasáin agus le seirbhísí eile faoi réir Pholasaí Craolacháin an Rialtais. Deintear lánmhaoiniú le deontais-i-gcabhair a fhaightear go díreach ón Státchiste ar na glanchostais (glan ar fháltais fhógraíochta is eile) a áirítear i ráiteas ioncaim agus caiteachais Sheirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta féin. Maoinítear na muirir agus na costais thacaíochta a éiríonn i gcoda eile de RTÉ le sannadh theacht isteach Tháillí na gCeadúnas Teilifíse.

Anailís na nglansócmhainní de réir na Roinne Gnó Comhtháite

In 1d) thíos, luaitear glansócmhainní de réir na RGC tar éis dhíothú na sócmhainní agus na ndliteanas idirchuideachta agus aon bhrabús a éiríonn as aistrithe inmheánacha. Áirítear na Sócmhainní Seasta sin, na Glansócmhainní Reatha agus na Soláthairtí nach féidir a chionroinnt ar bhonn a mbeadh brí leis idir RGC-anna, mar aon le Glansócmhainní fhochuideachta RTÉ, Seirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta, sna glandliteanais neamh-chionroinnte.

1 Príomhghníomhaíocht agus Faisnéis Rannach (ar leanúint)

(a) Faisnéis Rannach de réir na Roinne Gnó Comhtháite (RGC), faoi réir struchtúr eagraíochta RTÉ

	Teilifís RGC
	€'000
Fáltais	
Teacht Isteach Fógraíochta	91,078
Teacht Isteach Urraíochta	4,683
Teacht Isteach ar Áiseanna	2,635
Teacht Isteach ar Scaipiúchán & Ócáidí	-
Teacht Isteach Rialaithe Gréasáin	-
Teacht Isteach Ginearálta Gréasáin	-
Diolacháin: Ábhar, Marsantacht & gaolmhar	2,533
	<hr/> 100,929
Sannadh Theacht Isteach Tháillí na gCeadúnas Teilifíse	78,615
	<hr/> 179,544
Costas de réir na hAicme Aschuir	
Cláir – de réir Foinse	
Léiriúcháin Tí	76,223
Coimisiúin Reachtúla	27,733
Coimisiúin Neamhrechtúla	18,171
	<hr/>
Coimisiúin & Léiriúcháin Éireannacha	122,127
Cláir Cheannaithe Éireannacha	349
Cláir Cheannaithe Iasachta	22,756
	<hr/>
	145,232
